



**An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige**
Department of Children
and Youth Affairs

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

RIALACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA DO CHLÁIR SPRIOCdhÍRITHE CHÚRAM LEANAÍ AN RLGÓ

Bailí do Bhliain Chláir 2019/20

Arna fhoilsiú an 10 Meitheamh 2019

An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal Plus (FCPP) (Fóirdheontas Uilíoch (FCPU) ina measc)

An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal - Athlonnaíocht (FCPA)

An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal - Athlonnaíocht (Idirthréimhseach) (FCPA(I))

Cúram Leanaí um Oiliúint agus Fostaíocht (CLOF)

Clár Ábhar

Réamhrá	8
Caibidil 1 Rialacha a bhaineann le gach Clár Cúram Leanaí	11
1.0 Comhlíonadh	12
1.1 Taifid Freastail	13
1.1.1 Riachtanas chun taifid freastail a choimeád	13
1.1.2 Teip ar thaifid chúí freastail a choimeád.....	14
1.2 Force Majeure	14
1.2.1 Teagmhas Force Majeure a Thabhairt le Fios	14
1.2.2 Spriocdháta an Phróisis Éilimh Force Majeure	14
Caibidil 2 An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal Plus (FCPP).....	15
2.0 Léargas Ginearálta ar an FCPP	15
2.1 Cáilitheacht don FCPP	16
2.2 Rialacha Chlár an FCPP.....	16
2.2.1 Uimhir Thagartha an RLGÓ	16
2.2.2 Riachtanas go nglacfaidh Seirbhísí an FCPP páirt i gClár COLÓ agus/nó CLOF	16
2.2.3 Saghsanna áiteanna faoi Chlár an FCPP	16
2.2.4 An Fhaisnéis a Theastaíonn.....	16
Tábla 2 Cáilitheacht Bhanda an FCPP.....	18
2.2.5 Nóta faoi Thábla 2.....	20
2.2.6 Achomharc ar an Ráta Banda.....	20
2.2.7 Clárú Tusla.....	20
2.2.8 Clárú le Tusla ag Feighlithe Leanaí	20
2.3 Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse.....	21
2.3.1 Riachtanas Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse	21
2.3.2 Riachtanas taispeána cáipéisí	21
2.3.3 Riachtanas comhdaithe cáipéisí.....	21
2.3.4 Athruithe ar tháillí.....	21
2.3.5 Féilire Seirbhíse an FCPP	21
2.3.6 Roghanna Breise	21
2.3.7 Éarlaisí Áirithinte.....	21
2.3.8 Atreoruithe Tusla	21
2.3.9 Atreorú Altra Sláinte Poiblí	22
2.3.10 Íocaíocht 52 seachtain a fháil ar fhreastal 50 seachtain	22

2.3.11 Athrú ar Chúinsí	22
2.3.12 Dúnadh seirbhíse	22
2.4 Leanbh a Chlárú.....	23
2.4.1 Leanbh a iontráil ar Chlár an FCPP	23
2.4.2 Leanbh a Chlárú don FCPP ar an PIP	23
2.5 2.5 Freastal.....	23
2.5.1 Asláithreacht	23
2.5.2 Laghdú ar fhreastal/an PIP a nuashonrú.....	23
2.5.3 Imeacht ón tseirbhís:	24
2.5.4 Neamhfreastal	24
2.6 Taifid a Choimeád.....	25
2.6.1 Taifid freastail	25
2.6.2 Teip ar thaifid chuí freastail a choimeád.....	25
2.6.3 Cuairteanna Comhlíonta	26
2.6.4 Nósanna Imeachta Tarraingthe Siar agus Aisghabhála.....	26
2.7 Fóirdheontas Uilíoch (an FCPU)	26
2.7.1 Léargas Ginearálta ar an bhFóirdheontas Uilíoch.....	26
2.7.2 Cáilitheacht don Fhóirdheontas Uilíoch.....	26
2.7.3 Cáipéisí Riachtanacha	26
2.7.4 Rátaí Cláir	26
Tábla 3 Rátaí an Fhóirdheontais Uilíoch (an FCPU).....	27
2.7.5 Rialacha Chlár an FCPU	27
2.8 Riachtanais Airgeadais	27
2.9 Ceisteanna Coitianta faoi Chlár an FCPA (an FCPU san áireamh).....	27
Caibidil 3 An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal - Athlonnaíocht (an FCPA)	30
3.0 Léargas Ginearálta ar an FCPA.....	30
3.1 Cáilitheacht don FCPA.....	30
3.2.1 Rialacha Chlár an FCPA3.2.1Fad an chláir	30
3.2.2 Uimhir Thagartha an RLGÓ	30
3.2.3 Riachtanas go nglacfaidh Seirbhísí an FCPA páirt i gClár COLÓ agus/nó CLOF	30
3.2.4 Saghsanna áiteanna atá ar fáil faoi Chlár an FCPA.....	30
3.2.5 Rátaí Cláir	30
3.2.6 Cáipéisí/faisnéis riachtanach	30
3.2.7 Clárú Tusla.....	31

3.2.8 Beartas Táillí agus an FCPA	31
3.2.9 Éarlaisí áirithinte	31
3.2.10 Roghanna Breise	31
3.2.11 Beartas Féilire	31
3.2.12 Athrú ar chúinsí.....	31
3.2.13 Dúnadh seirbhíse	31
3.3 Leanbh a Chlárú.....	32
3.3.1 Leanbh a iontráil ar Chlár an FCPA.....	32
3.3.2 Leanbh a Chlárú don FCPA ar an PIP.....	32
3.3.3 Fuinneog Chláraithe Linbh	32
3.4 2.5 Freastal.....	32
3.4.1 Asláithreacht	32
3.4.2 Laghdú ar fhreastal/an PIP a nuashonrú.....	32
3.4.3 Imeacht ón tseirbhís	33
3.4.4 Neamhfheastal	33
3.4.5 Aistriú ó sholáthraí FCPA amháin go ceann eile	34
3.4.6 Má fhágann leanbh Clár an FCPA.....	34
3.5 Taifid a Choimeád	35
3.5.1 Taifid freastail	35
3.5.2 Teip ar thaifid chúí freastail a choimeád.....	35
3.5.3 Cuairteanna Comhlíonta	35
3.5.4 Nósanna Imeachta Tarraingthe Siar agus Aisghabhála	35
3.6 Riachtanais Airgeadais	35
3.7 Ceisteanna Coitianta faoi Chlár an FCPA	36
Caibidil 4 An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal - Athlonnaíocht (Idirthréimhseach)	
(FCPA(I)).....	37
4.0 Léargas Ginearálta ar an FCPA(I).....	37
4.1 Cáilitheacht don FCPA(I).....	37
4.2 Rialacha Chlár an FCPA(I)	37
4.2.1 Fad an chláir	37
4.2.2 Uimhir Thagartha an RLGÓ	37
4.2.3 Riachtanas go nglacfaidh Seirbhísí an FCPA(I) páirt i gClár COLÓ agus/nó CLOF.....	37
4.2.4 Saghsanna Áiteanna faoi Chlár an FCPA(I).....	37
4.2.5 Rátaí Cláir	37

4.2.6 Cáipéisí/faisnéis riachtanach	38
4.2.7 Clárú Tusla.....	38
4.2.9 Éarlais áirithinte	38
4.2.10 Roghanna Breise	38
4.2.11 Beartas Féilire	38
4.2.12 Athrú ar chúinsí.....	39
4.2.13 Dúnadh seirbhíse	39
4.3 Leanbh a Chlárú.....	39
4.3.1 Leanbh a iontráil ar Chlár an FCPA(I)	39
4.3.2 Leanbh a Chlárú don FCPA(I).....	39
4.4 Freastal	39
4.4.1 Asláithreacht	39
4.4.2 Laghdú ar fhreastal/an PIP a nuashonrú.....	40
4.4.5 Má fhágann leanbh Clár an FCPA(I)	41
4.4.6 Cistiú an FCPA(I) má fhágann leanbh an tseirbhís	41
4.4.7 Aistriú ó sholáthraí FCPA(I) amháin go ceann eile	42
4.4.8 Aistriú ó Chlár CLOF go dtí Clár an FCPA(I).....	42
4.5 Taifid a Choimeád	42
4.5.1 Taifid freastail	42
4.5.2 Teip ar thaifid chúí freastail a choimeád.....	42
4.5.3 Cuairteanna Comhlíonta	42
4.5.4 Nósanna Imeachta Tarraingthe Siar agus Aisghabhála	43
4.6 Riachtanais Airgeadais an FCPA(I).....	43
4.7 Riachtanais Airgeadais	43
4.8 Ceisteanna Coitianta faoi Chlár an FCPA(I).....	43
Caibidil 5 Cúram Leanaí um Oiliúint agus Fostaíocht (CLOF).....	45
5.0 Léargas Ginearálta ar CLOF.....	45
5.1 Cáilitheacht do CLOF (TCLOO, CLFP agus CLIS).....	46
5.1.1 Critéir Cháilitheachta do TCLOO	46
5.1.2 Cáipéisí/faisnéis riachtanach do TCLOO	47
5.1.3 Critéir Cháilitheachta do CLFP.....	47
5.1.4 Cáipéisí/faisnéis riachtanach do CLFP.....	47
5.1.5 Critéir Cháilitheachta do CLIS.....	47
5.1.6 Cáipéisí/faisnéis riachtanach do CLIS.....	48

5.2 Rialacha an Chláir CLOF	50
5.2.1 Uimhir Thagartha an RLGÓ	50
5.2.2 Leanbh a iontráil ar an gClár CLOF	50
5.2.3 Leanbh CLOF a Chlárú ar an PIP	50
5.2.4 Saghsanna Áiteanna faoin gClár CLOF	50
5.2.5 Éarlaisí áirithinte	50
5.2.6 Clárú Tusla.....	50
5.2.7 Seirbhís iompair	51
5.2.8 Síniú isteach	51
5.2.9 Tréimhsí meántearma/samhraidh	51
5.2.10 Athrú ar Chúinsí	51
5.2.11 Dúnadh seirbhíse	52
5.3 Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse	52
5.3.1 Riachtanas Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse	52
5.3.2 Riachtanas taispeána cáipéisí	52
5.3.3 Riachtanas comhdaithe cáipéisí.....	52
5.3.4 Féilire Seirbhíse CLOF.....	52
5.3.5 Athruithe ar tháillí.....	52
5.3.6 Roghanna Breise	52
5.4 Leanbh a Chlárú	53
5.4.1 Leanbh a iontráil ar an gClár CLOF	53
5.5 2.5 Freastal	53
5.5.1 Asláithreacht	53
5.5.2 Laghdú ar fhreastal/an PIP a nuashonrú.....	53
5.5.3 Imeacht ón tseirbhís:	54
5.5.4 Neamhfhreastal	54
5.6 Taifid a Choimeád	55
5.6.1 Taifid freastail	55
5.6.2 Teip ar thaifid chuí freastail a choimeád.....	55
5.6.3 Cuairteanna Comhlíonta	56
5.6.4 Nósanna Imeachta Tarraingthe Siar agus Aisghabhála.....	56
5.7 Riachtanais Airgeadais	56
5.7.1 Taifid freastail	56
5.8 Ceisteanna Coitianta faoin gClár CLOF	57

Aguisín 1	58
Aguisín 2	59

Réamhrá

Mar chuid dár ngealltanas chun cáilíocht chúram agus oideachas luathbhlianta a ardú, tabharfar an Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta (an SCLN) nua isteach i ráithe dheiridh bhliain airgeadais 2019.

Tiocfaidh an scéim seo in ionad na gclár spriocdhírthe reatha cúram leanaí a chuirfidh ar chumas roinnt teaghlach a bheith incháilithe d'fhóirdheontais den chéad uair. Déanfaidh tuismitheoirí iarratas díreach ar an SCLN ar thacaíocht airgeadais, a chiallaíonn nach mbeidh ar sholáthraithe páipéarachas tuismitheora a bhainistiú chun iarratas a dhéanamh ar fhóirdheontais. Cuirfidh an SCLN tacaíocht airgeadais ar fáil do leanaí idir 24 seachtain agus 15 bliana d'aois atá ag freastal ar aon seirbhís chlárthaí Tucla a ghlacann páirt. Tá dhá shaghas tacaíochtaí ar fáil faoin SCLN (1) fóirdheontas uilíoch agus (2) fóirdheontas a ndéantar measúnú ioncaim air:

- 1) Tá **fóirdheontas uilíoch** iníoctha le leanaí idir aois 24 seachtain agus 36 mí (nó go dtí go gcáilíonn an leanbh do chlár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) má bhíonn sé níos déanaí) a bhfuil úsáid á baint acu as seirbhísí cúram leanaí le soláthraí cúram leanaí faofa. Ní dhéantar tástáil mhaoine ar an bhfóirdheontas uilíoch agus tá sé ar fáil do gach teaghlach cáilitheach, is cuma cén leibhéal ioncaim atá acu.
- 2) Tá **fóirdheontas a dhéanann measúnú ar ioncam** iníoctha le leanaí idir aois 24 seachtain agus 15 bliana a bhfuil úsáid á baint acu as seirbhísí cúram leanaí le soláthraí cúram leanaí faofa. Deimhníonn ioncam inríofa an teaghlaigh leibhéal an fhóirdheontais a dheimhniú (e.g. ollioncam lúide cáin agus asbhaintí eile (tá liosta atá ar fáil ar www.ncs.gov.ie) agus lúide aon lascaine infheidhme do bhreis agus leanbh amháin). Tá an fóirdheontas a bhaineann le hioncam iníoctha le teaghlaigh cháilitheacha nuair is ionann ioncam inríofa bliantúil an teaghlaigh agus a mhéid le €60,000, ar a mhéid.

Leanfar leis na cláir chistithe reatha spriocdhírthe cúram leanaí a chur ar siúl go dtí go gcuirtear tús leis an SCLN, agus ina dhiaidh sin ar bhealach teoranta. Cuirtear modheolaíocht ar fáil sa cháipéis rialacha seo ina gcinntítear leanúnachas seirbhíse do thuismitheoirí agus soláthraithe do bhliain chlárthaí 2019/2020 do leanaí atá cláraithe ar na cláir spriocdhírthe chistithe cúram leanaí nach roghnaíonn go n-aistrefar iad chuig an SCLN, faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe. Tagraítear do na clárúcháin seo mar 'Coigilteoirí'.

Ar thosú an SCLN, ní féidir aon chhlárúcháin nua a dhéanamh i dtaobh leanaí nach raibh cláraithe roimhe seo faoi chlár an FCPP agus CLOF.

Ní bheidh tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil clárúcháin Choigilteoirí acu i dteideal go ndéanfar athmheasúnú orthu faoi na cláir leagáide seo, ach is féidir leo a laethanta agus/nó saghsanna seisiúin a choigeartú. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir an leibhéal seirbhíse a choigeartú ach leis an Soláthraí Seirbhíse ar leith ar chláraigh an tuismitheoir/caomhnóir leo i dtosach, i.e. ní bheidh tuismitheoir/caomhnóir in ann soláthraí a athrú agus na cláir leagáide a athiontráil i ndiaidh go dtugtar an SCLN isteach.

Tugtar cuntas sa cháipéis seo ar na scéimeanna cúram leanaí leagáide a sholáthraíonn an Roinn, mar seo a leanas:

An Fóirdheontas Cúram Leanaí sa Phobal Plus (FCPP): Soláthraíonn an clár seo tacaíocht do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil ísealioncam acu chun costais laghdaithe chúram leanaí a fháil ag seirbhísí cúram leanaí rannpháirteacha faoi úinéireacht phríobháideach agus ag seirbhísí cúram leanaí neamhbhrabúsacha pobail. Cuirfidh an FCPP stad le clárúcháin nua a phróiseáil do leanaí nach raibh cláraithe roimhe seo i mbliain chláir 19/20 faoin FCPP ar thosú an SCLN;

An Fóirdheontas Cúram Leanaí sa Phobal - Athlonnaíocht (FCPA): Cuireann an clár seo tacaíocht chúram leanaí ar fáil do Dhídeanaithe Cláir chun tacú lena n-athlonnú agus a n-imeascadh isteach i sochaí na hÉireann agus cuirfidh sé stad le clárúcháin nua a phróiseáil do leanaí nach raibh cláraithe roimhe seo i mbliain chláir 19/20 faoin FCPA ar thosú an SCLN;

An Fóirdheontas Cúram Leanaí sa Phobal - Athlonnaíocht (Idirthrémhseach) (FCPA(I)): Mar chuid de “Éire a Atógáil – Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine”, soláthraíonn an RLGÓ rochtain ar chúram leanaí saor in aisce do leanaí i dteaghlaigh atá thíos le heaspa dídine agus cuirfidh sé stad le clárúcháin nua a phróiseáil do leanaí nach raibh cláraithe roimhe seo i mbliain chláir 19/20 ar thosú an SCLN;

Cláir Chúram Leanaí um Oiliúint agus Fostaíocht (CLOF): Soláthraíonn na cláir seo tacaíocht chistithe cúram leanaí do thuismitheoirí/chaomhnóirí a ghlacann páirt i gcúrsaí incháilithe oiliúna BOO/Solas, cláir Fostaíochta Pobail (FP) nó i gclár fillte ar fhostaíocht. Cuirfidh CLOF stad le clárúcháin nua a phróiseáil do leanaí nach raibh cláraithe roimhe seo i mbliain chláir 19/20 ar thosú an SCLN;

An Fóirdheontas Cúram Leanaí sa Phobal (FCLP): Cuirfear deireadh leis an gclár seo ag deireadh bhliain chláir 2018/2019 an 16 Lúnasa 2019.

Clár aonair is ea an clár réamhscoile uilíoch saor in aisce (COLÓ) agus ní dhéanfaidh an SCLN a thabhairt isteach difear dó. Tá rialacha a rialaíonn clár COLÓ ar fáil i gcáipéis ar leith.

Is féidir le thuismitheoirí leanaí atá rannpháirteach sna scéimeanna leagáide leanúint le fóirdheontas idirthrémhseach a fháil go dtí go dteann ceann amháin de na himeachtaí seo a leanas amach:

- Is é deireadh na hidirthrémhse don FCPP an 14 Lúnasa 2020.
- Is é deireadh na hidirthrémhse do chlár CLOF an 14 Lúnasa 2020.
- Cláraíonn Soláthraí Seirbhíse cúram leanaí an leanbh a bhaineann leis an bhfóirdheontas idirthrémhseach don Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta agus faomhann an thuismitheoir an clárú sin, i.e. “éilíonn siad bronnadh an SCLN”.
- Stopann an leanbh le cúram leanaí a fháil leis an Soláthraí Seirbhíse cúram leanaí sin (faoi réir na rialacha maidir le neamhfheastal.

Leanfaidh Pobal le híocaíocht a dhéanamh le Soláthraithe Seirbhíse ar aon dul le córais íocaíochta an chláir leagáide. Cuirfear i gcuntas, nuair a bhíonn fóirdheontas á n-íoc, nuashonruithe a rinneadh laistigh den “Fuinneog Bhainistíochta Coigilteora” roimhe sin¹.

¹ I ndiaidh go gcuirtear tús leis an Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta (an SCLN), ní cheadófar aon chlárúcháin nua faoi chlár an FCPP. Is éard a bheidh i gceist leis an “Fuinneog Bhainistíochta Coigilteora” ná PIP a athoscailt go tréimhsiúil ar feadh tréimhse shocraithe lena ligean do sheirbhísí aon chlárúcháin a leasú a theastaíonn. Beidh roinnt fuinneoga den saghas sin ann i rith bhliain an chláir; beidh sonraí iomlána ar fáil ar an PIP.

Nóta: Tá faisnéis sna Rialacha Idirthréimhseacha seo de chuid an RLGÓ faoi réir athrú. Seiceáil Leathanach Baile an PIP go rialta, le do thoil, chun teacht ar nuashonruithe. Chun teacht ar bhreis faisnéise ar an SCLN, féach, le do thoil na treoirlínte beartais atá ar fáil ar láithreán gréasáin an SCLN ag www.ncs.gov.ie .

Caibidil 1 Rialacha a bhaineann le gach Clár Cúram Leanaí

In 2018, caitheadh €502.3 milliún de chistí an státchiste ar luathbhlianta chun cúram leanaí inacmhainne a sholáthar do bhreis agus 185,000 leanbh in Éirinn. Tá dualgas orthu siúd a bhfuil cistiú poiblí á fháil acu chun cloí go docht daingean le rialacha an chláir. Tá comóntacht ann sa phróiseas oibríochtúil agus sna rialacha oibríochtúla atá buntábhachtach i measc gach Clár Cistithe Cúram Leanaí an RLGÓ. Is iad siúd:

- Cuideachta theoranta, cuideachta shainithe ghníomhaíochta, trádálaí aonair, bord bainistíochta scoile, eagraíocht neamhbhrabúsach, nó comhpháirtíocht a bheidh sa Soláthraí Cláraithe;
- Rachaidh an Soláthraí Cláraithe i mbun gach birt réasúnta chun Sláinte, Sábháilteacht agus Leas na leanaí a chosaint a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus chun [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\), 2016](#) agus [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Leasuithe\), 2016](#) agus [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Seirbhísí Aoise Scoile a Chlárú\), 2018](#); a chomhlíonadh;
- Caithfidh go ndearna soláthraithe seirbhíse a chuireann cúram ar fáil do leanaí ar aois scoile iarratas chun clárú le Tusla roimh an 18 Lúnasa 2019;
- Caithfidh seirbhísí nua ar aois scoile iarratas a dhéanamh ar chlárú Tusla ar a laghad 3 mhí sula n-osclaíonn siad;
- Coimeádfaidh an Soláthraí Cláraithe cuntais bhliantúla ar gach bliain airgeadais agus soláthróidh sé/sí cóipeanna de na cuntais siúd laistigh de cheithre mhí i ndiaidh go nglactar leo do Pobal mar ghníomhairí de chuid an RLGÓ agus, ar iarraidh sin, don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an ARC agus C).
- Caithfidh soláthraithe seirbhíse cuntas cruinn a choimeád ar **freastal iarbhír** gach linbh, amanna teachta agus imeachta laethúla ina measc do gach leanbh. Caithfidh gurb ionann clárúchán na seirbhísí ar an PIP agus an freastal iarbhír (freastal iarbhír an linbh, seachas amanna oscailte an tseisiúin/na seirbhíse) faoi mar a cuireadh i gcuntas sna taifid freastail thuas, féach aguisín 2;
- Caithfidh uimhir thagartha aonair an RLGÓ a bheith ag gach saoráid/láthair a oibríonn seirbhís agus caithfidh leanaí freastal ar an tsaoráid/láthair ina bhfuil siad cláraithe;
- Riachtanas buntábhachtach is ea é go gcuirtear an t-airgead go léir i dtaifead go cuí agus go n-úsáidtear iad ar an gcuspóir ar beartaíodh iad;
- Próiseáiltear gach clár cúram leanaí ar líne tríd an Ardán um Chur i bhFeidhm Clár (an PIP). Riarann Pobal córas an PIP, thar ceann na Roinne;
- Íoctar an cistiú faofa cúram leanaí go díreach leis an tseirbhís chúram leanaí agus ní mór é a asbhaint go díreach ón táille a ghearrann an tseirbhís ar sholáthar seirbhíse;
- Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí Foirm Dhearbhaithe Tuismitheora PIP agus Litir Faisnéise Táillí Seirbhíse PIP a shíniú lena thabhairt le fios go dtuigeann siad téarmaí an chláir agus go bhfuil na sonraí go léir faoi chlárú an linbh cruinn.

- Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse liosta táillí faofa PIP a thaispeáint a thugann na táillí cruinne le fios, anuas ar tháille laghdaithe na seirbhíse bunaithe ar an gcistiú ábhartha faofa cláir, i.e. an táille iomlán lúide an cistiú a faomhadh;
- Caithfidh cóip de gach liosta táillí, anuas ar chóipeanna d'aon litreacha caighdeánacha a eisíodh do thuismitheoirí, a bheith ar taispeáint i limistéar sa tseirbhís atá inrochtana do thuismitheoirí;
- Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse Féilire Seirbhíse faofa PIP a thaispeáint i limistéar sa tseirbhís atá inrochtana do thuismitheoirí/chaomhnóirí do gach clár faofa cistithe lena thaispeáint do thuismitheoirí/chaomhnóirí na laethanta agus na seachtainí a bhíonn siad dúnta i rith bhliain an chláir.
- Caithfidh soláthraí cúram leanaí a chinntiú go bhfuil cáilíocht ag an bhfoireann go léir a oibríonn le leanaí, ar a laghad, a chomhlíonann ceanglais Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016.

Ba cheart aon cheisteanna maidir le Cláir Chúram Leanaí an RLGÓ agus rialacha na gclár a chur ar an gCoiste Cúram Leanaí Contae agus Cathrach (CCLC) áitiúil. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála do do Choiste Cúram Leanaí Contae/Cathrach áitiúil ag myccc.ie. Cistíonn an RLGÓ na CCLCanna chun gníomhú mar a ngníomhaire áitiúil chun na cláir náisiúnta luathoideachais agus chúram leanaí a sholáthar agus chun beartas Rialtais a chur i bhfeidhm ar leibhéal coiste cúram leanaí. Cuireann siad tacaíocht agus treoir ar fáil do Sholáthraithe Seirbhíse agus tuismitheoirí maidir leis na cláir chúram leanaí, agus tacaíonn siad le cáilíocht ar aon dul le creataí agus cuspóirí beartais náisiúnta.

Is iad na CCLCanna an chéad áit ar cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus soláthraithe cúram leanaí dul i gcomhairle leis nuair a dhéantar iarracht teacht ar fhaisnéis agus tacaíocht maidir le Cláir Chistithe Cúram Leanaí an RLGÓ.

Féadfaidh Soláthraithe Seirbhíse teagmháil a dhéanamh le Tacaíocht PIP ag onlinesupport@pobal.ie nó 01-5117222 chun teacht ar chúnamh chun rialacha na gClár a riar, anuas ar aon saincheisteanna teicniúla a bhaineann lena dTairseach PIP. Tá an Treoir do gach clár cúram leanaí ar fáil ar an tairseach PIP trí www.pobal.ie.

1.0 Comhlíonadh

Tá freagracht ar an Soláthraí Seirbhíse le comhlíonadh a riachtanais chonarthacha a chinntiú, lena n-áirítear cloí leis an gcáipéis rialacha seo. Ba cheart do Sholáthraithe Seirbhíse a chinntiú go dtuigeann siad agus go gcloíonn siad le hábhair na cáipéise seo, anuas ar na comhaontuithe cistithe agus na Treoracha atá ar fáil ar thairseach an PIP. Má theipeann orthu amhlaidh a dhéanamh, beidh neamhchomhlíonadh mar thoradh air agus beidh gníomh ceartaitheach ag teastáil.

D'fhonn cuairteanna comhlíonta a dhéanamh chomh héifeachtúil agus is féidir i measc soláthraithe agus oifigigh ar cuairt araon, ba cheart go gcinnteodh soláthraithe seirbhíse go gcoimeádtar a gcomhad comhlíonta cothrom le dáta agus go gcuimsítear ann:

- taifid freastail;
- sonraí rollaithe (díolúine íosta rollaithe, sa chás gurb íomchuí, ina measc);
- Foirmeacha dearbhaithe tuismitheora PIP;

- Litreacha ó thuismitheoirí/chaomhnóirí;
- Taifid ar tháillí;
- Cáilíochtaí foirne;
- Foirmeacha caipitíochta níos airde; agus
- Bileoga sínithe isteach nó litreacha ceada tuismitheora (CLOF amháin)

Ba cheart an comhad comhlíonta a choimeád ar an láthair agus ba cheart go mbeadh fáil air lena iniúchadh ag gach tráth. Ba cheart go gcinnteodh seirbhísí an méid seo a leanas, chomh maith:

- Tá clárú an PIP i gceart,
- Taispeántar an liosta Táillí an PIP agus an féilire an PIP, i gcás gach clár faofa cistithe, go soiléir do thuismitheoirí, agus
- Tá comhalta foirne ar an láthair ag gach tráth a bhfuil rochtain aige/aici ar an gcomhad comhlíonta agus ar féidir leis/léi an chuairt a éascú. Tabhair faoi deara, le do thoil, má tá fáil gan stró ar na taifid chun athbhreithniú a dhéanamh orthu, ní chuirfear isteach, ach a laghad, ar an tseirbhís, seachas soiléiriú a lorg, nuair is gá.

1.1 Taifid Freastail

1.1.1 Riachtanas chun taifid freastail a choimeád

Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse taifid laethúla freastail a choimeád do gach leanbh a fhreastalaíonn agus caithfear a áireamh leis na taifid ainm iomlán an linbh, dáta an fhreastail agus am teachta agus am imeachta an linbh. Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teacht agus imeacht gach linbh a chur i dtaifead i bhfíor-am. Caithfear taifid freastail a choimeád ar an mbealach cuí sin ar dóthanach é lena dheimhniú fad iarbhrí freastail gach linbh a ainmnítear i dtaobh uaireanta. Caithfear ainm an linbh a chur i dtaifead ar bhealach comhsheasmhach le patrúin freastail a shainaitheant (i.e. más bileoga seachtainiúla atá i gceist leis na taifid freastail, ba cheart go mbeadh ainm an linbh san áit chéanna gach seachtain). Is fearr bileoga freastail seachtainiúla nó míosúla a úsáid, mar gheall go n-éascaíonn siad patrúin freastail a dheimhniú. Anuas air sin, ba cheart na pointí seo a leanas a thabhairt faoi deara mar thosaíocht i dtaobh cuairteanna comhlíonta;

1. Taifid freastail /leabhair rolla do gach seisiún/seomra.
2. Má aistríonn leanbh go seomra eile chun tabhairt faoina seisiún COLÓ, ba cheart go mbeadh seo inaitheanta trí na taifid freastail.
3. Luaigh ainm iomlán an Linbh (de réir thaifid an PIP)
4. Coimeád ainmneacha leanaí de réir sraith chomhsheasmhach ar fud an chórais. Coimeád taifid ar leanaí a d'fhág an tseirbhís i.e. ná scrios iad nó ná forscríobh orthu.
5. Cinntigh go gcomhlánaíonn comhalta foirne a oibríonn sa seomra taifid freastail/leabhair rolla.
6. Coimeád Leabhar Sínithe Isteach agus Amach an Tuismitheora glan amach ó na Taifid Freastail /leabhair rolla (más gá).
7. Ná húsáid bileoga/dialanna aonair laethúla. Éascaíonn taifid sheachtainiúla/mhíosúla patrúin freastail a dheimhniú.
8. Iontráil am teachta agus imeachta do gach leanbh laistigh den tseirbhís, clubanna larscoile agus Bricfeasta ina measc. Ná húsáid ticeanna.

9. Cinntigh go gcuirtear freastal Foirne i gcuntas gach lá ar gach taifead freastail/leabhar rolla gach seomra/seisiúin.
10. Nuair a choimeádtar taifid leictreonacha, caithfidh an tseirbhís a bheith in ann tuairiscí seachtainiúla/míosúla a sholáthar do leanaí aonair ina dtaispeántar a leibhéal freastail don chóras go dtí seo.

Tabharfar tús áite d’athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid freastail i rith cuairteanna comhlíonta. Féach na riachtanais íosta, le do thoil, faoi mar atá siad leagtha amach sa treoir maidir le ‘deachleachtas maidir le taifid freastail’, atá ar ceangal mar aguisín 2 leis an gcáipéis seo.

1.1.2 Teip ar thaifid chúí freastail a choimeád

Má theiptear ar thaifid freastail chúí a choimeád, b’fhéidir go measfar gur freastalaíodh náid uaireanta. Féadfaidh an RLGÓ íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó a iarraidh go n-aisíoctar aon ró-éileamh a rinneadh ar airgead a íocadh cheana féin don tréimhse atá i gceist.

Má theiptear ar thaifid freastail dhóthanacha a choimeád (e.g. nuair a choimeádtar taifid freastail, ach i bhformáid nach gcuireann ar chumas oifigigh a thugann cuairt chomhlíonta na huaireanta a dheimhniú a d’fhreastail leanbh, ar nós trí “ticeanna” a úsáid), b’fhéidir go measfar gur freastalaíodh an líon íosta uaireanta (i.e. seirbhís sheisiúnach/leathsheisiúnach). Féadfaidh an RLGÓ íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó a iarraidh go n-aisíoctar aon ró-éileamh a rinneadh ar airgead a íocadh cheana féin don tréimhse atá i gceist.

1.2 Force Majeure

Baineann beartas force majeure an RLGÓ le force majeure conarthach (ní hionann sin agus force majeure fostóra) i.e. *nuair a chuireann cúinsí bac nó cosc ar sholáthraí seirbhíse nach bhfuil laistigh dá c(h)umas réasúnta a rialú, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do, gníomhartha Dé, drochaimsir, tuile, tintreach, dóiteán, díospóidí trádála, stailceanna, glasáil amach, gníomhartha sceimhlitheoireachta, cogadh, oibríochtaí míleata, gníomhartha nó easnaimh tríú páirtithe nach bhfuil an Páirt a nDearnadh Dífear dó/di freagrach astu (“Force Majeure”) ó thabhairt faoi aon chinn dá (h)oibleagáidí faoin gComhaontú seo, bainfead dliteanas den Pháirtí a nDearnadh Dífear dó/di as teip ar thabhairt faoi na hoibleagáidí siúd.*

Ba cheart dúnadh faoi chúinsí eisceachtúla seachas imeachtaí adhaimsire, dóiteán, tuile nó saincheisteanna fónais a chur faoi bhráid an Choiste Cúram Leanai Contae/Cathrach áitiúil de réir gnáthchleachtais.

1.2.1 Teagmhas Force Majeure a Thabhairt le Fios

Ba cheart do Sholáthraithe teagmháil a dhéanamh le Pobal le hé a chur ar an eolas go bhfuil sé ar intinn acu force majeure a éileamh ag tús an teagmhais atá i gceist, agus cuntas gearr a thabhairt ar an tsaincheist agus ar an líon laethanta a mheastar go mbeidh an tseirbhís dúnta.

1.2.2 Spriocdháta an Phróisis Éilimh Force Majeure

Ba cheart do Sholáthraithe Seirbhíse force majeure a éileamh go foirmiúil ar an PIP tráth nach déanaí ná trí seachtaine i ndiaidh an teagmhais, fiú má bhíonn an teagmhas ar bun go leanúnach.

Caibidil 2 An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal Plus (FCPP)

2.0 Léargas Ginearálta ar an FCPP

Soláthraíonn An Clár Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal Plus (an FCPP) tacaíocht do thuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil ísealioncam acu chun costais laghdaithe chúram leanaí a fháil ag seirbhísí cúram leanaí rannpháirteacha faoi úinéireacht phríobháideach agus ag seirbhísí cúram leanaí neamhbhrabúsacha pobail; tá liosta de na seirbhísí seo ar fáil tríd an CCLC ábhartha áitiúil ag myccc.ie. Soláthraíonn sé rochtain ar íocaíocht uilíoch atá ar fáil do leanaí incháilithe, chomh maith. Íocann [an RLGÓ](http://an.rlgó) pá as comhréir de chostais an chúraim leanaí do leanaí incháilithe, tugtar íocaíocht fóirdheontais ar an íocaíocht sin sa cháipéis seo, agus íocann an tuismitheoir/caomhnóir an fuilleach. Deimhnítear cáilitheacht an tuismitheora/chaomhnóra bunaithe ar a stádas leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an RGFC) agus leagtar seo amach i dTábla 2 sa cháipéis seo. Ba cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar spéis leo teagmháil a dhéanamh lena seirbhís chúram leanaí rannpháirteach áitiúil sa chéad ásc.

Níl clár an FCPP ar fáil ach trí sheirbhísí rannpháirteacha cúram leanaí; tá fáil ar liosta de na seirbhísí seo tríd an CCLC ábhartha áitiúil (www.myccc.ie). Seolann an Soláthraí Seirbhíse iarratas ar an FCPP ar aghaidh thar ceann an tuismitheora/chaomhnóra chuig Pobal. Tá fóirdheontas an FCPP ar fáil ar feadh tréimhse/téarma bliana, i.e. ar feadh 52 seachtain den bhliain ó thús chlár an FCPP. Cuirtear tús le Clár an FCPP an 19 Lúnasa 2019 agus beidh sé ar siúl go dtí an 14 Lúnasa 2020. Tugtar Bliain an Chláir air seo.

Féadfaidh seirbhísí FCPP freastal ar áiteanna naíonáin, réamhscoile agus iarscoile. Chomh maith leis sin, féadfaidh siad club bricfeasta a chorprú. Féadfaidh roinnt seirbhísí an FCPP a bheith ina seirbhísí aonair agus freastal ar dhíreach saghas amháin de sheirbhís, e.g. seirbhís iarscoile.

Ar thosú an SCLN, ní féidir aon chhlárúcháin nua a dhéanamh i dtaobh leanaí nach raibh cláraithe roimhe seo faoi chlár an FCPP agus CLOF.

I ndiaidh an dáta seo, cuirfeadh tús le córas “na Fuinneoige Bainistíochta Coigilteora” ar an PIP. Fuinneoga tréimhsiúla athoscailte iad seo don PIP, lena ligean do Sholáthraithe Seirbhíse leasuithe a dhéanamh ar chhlárúcháin reatha le hathruithe a léiriú ar fhreastal, imeacht, neamhfhreastal etc. Beidh teacht ar na “Fuinneoga Bainistíochta Coigilteora” seo i rith roinnt amanna sainithe i rith fhuilleach bhliain an chláir. Cuirfeadh breis faisnéise ar chóras “na Fuinneoige Bainistíochta Coigilteora” sa Treoir maidir le Clárúcháin a bhaineann leis an FCPP trí thairseach an PIP.

Tá breis faisnéise ar an SCLN ar fáil i dTreoirilínte Beartais an SCLN, atá ar fáil ar an PIP agus ar láithreán gréasáin an RLGÓ. Nóta: Déileáiltear le hAthlonnú//Aistriú an FCP i gcaibidlí aonair ar mhaithe le soiléireacht, cé go soláthraítear iad faoi chomhaontú deontais an FCPP.

2.1 Cáilitheacht don FCPP

Caithfidh leanbh a bheith faoi 15 bliana d'aois le bheith incháilithe do FCPP. Tá fóirdheontas an FCPP ar fáil ar feadh a mhéid le 52 seachtain de bhliain an chláir do leanaí a cláraíodh sular tosaíodh an SCLN. Is féidir teacht ar thábla na Rátaí Banda agus an Fhóirdheontais don FCPP i dTábla 2 sa cháipéis seo.

2.2 Rialacha Chlár an FCPP

2.2.1 Uimhir Thagartha an RLGÓ

Caithfidh uimhir thagartha aonair an RLGÓ a bheith ag gach saoráid/láthair a oibríonn seirbhís agus caithfidh leanaí freastal ar an tsaoráid/láthair ina bhfuil siad cláraithe.

2.2.2 Riachtanas go nglacfaidh Seirbhísí an FCPP páirt i gClár COLÓ agus/nó CLOF

Caithfidh gur shínigh seirbhísí an FCPP an comhaontú cistithe deontais do Chlár COLÓ agus/nó CLOF chun páirt a ghlacadh san FCPP. Is féidir le Soláthraithe Seirbhíse an FCPP iarratas a dhéanamh ar an RLGÓ i scríbhinn ar dhíolúine ón riachtanas chun páirt a ghlacadh i gclár COLÓ/CLOF 2019/2020 ag eyqueries@dcya.gov.ie.

Tá riachtanas dian cáilitheachta ann d'fheighlithe leanaí: caithfidh na feighlithe leanaí a bheith cláraithe le Tusla chun díolúintí a fháil. Ní dhéanfar aon eisceachtaí ina leith seo. Déan teagmháil le do CCLC áitiúil chun teacht ar bhreis faisnéise. Caithfear iarratais a sheoladh chuig eyqueries@dcya.gov.ie leis na cúiseanna atá leis an díolúine.

2.2.3 Saghsanna áiteanna faoi Chlár an FCPP

Caithfidh seirbhísí an FCPP áiteanna cúram leanaí ó cheann amháin nó níos mó de na bandaí seo a leanas a chur ar tairiscint. Baineann ráta éagsúil íocaíochta le gach saghas socrúcháin.

- Áiteanna cúram lae iomláin (níos mó ná 5 huair an chloig sa lá)
- Áiteanna páirtaimseartha (idir 3 huair an chloig agus 31 nóiméad agus 5 huair an chloig sa lá)
- Áiteanna seisiúnacha (idir 2 uair an chloig agus 16 nóiméad agus 3 huair an chloig sa lá)
- Áiteanna leathsheisiúin (idir 1 uair an chloig agus 16 nóiméad agus 2 uair an chloig sa lá)

2.2.4 An Fhaisnéis a Theastaíonn

Deimhnítear cáilitheacht an tuismitheora/an chaomhnóra a dhéanann iarratas bunaithe ar a stádas leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an RGFC) laistigh de mhí amháin roimhe an tseachtain a thosaíonn an leanbh an Clár agus an tseachtain sin san áireamh. Deimhnítear leibhéal an fhóirdheontais trí stádas RGFC an tuismitheora agus tríd an leibhéal cúram leanaí a theastaíonn. Leagtar amach i dTábla 2 den cháipéis seo na critéir cháilitheachta agus na roghanna cúram leanaí agus fóirdheontais ina dhiaidh sin.

D'fhonn cáilitheacht a dheimhniú, teastaíonn Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSPanna) an tuismitheora/an chaomhnóra agus dáta breithe an linbh nuair atá Foirm Chláraithe Linbh an FCPP á comhlánú. Déanann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí UPSP an tuismitheora/chaomhnórana a athbhreithniú agus déanann FSS measúnú ar UPSPanna an tuismitheora/an chaomhnóra/an linbh le teidlíocht d'fhóirdheontas a dheimhniú.

Caithfear cáipéisíocht a chuimsíonn UPSP agus aon fhaisnéis eile a mhilleadh a luaithe nach dteastaíonn sí a thuilleadh.

Tábla 2 Cáilitheacht Bhanda an FCPP

Leibhéal na seirbhíse	Banda A (daoine a bhfuil cárta leighis acu)	Banda AJ (daoine a bhfuil cárta leighis acu)	Banda B	Banda D
	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora ▪ Pinsean Baintrí/Baintreach Fir ▪ Liúntas Réamhscoir ▪ Cúnamh Feirme/Cúnamh Éisc ▪ Pinsean Stáit (Ranníocach/Neamh-Ranníocach) ▪ Pinsean na nDall ▪ Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach/Neamh-Ranníocach) ▪ Sochar Breoiteachta/Díobhálacha ▪ Liúntas Míchumais ▪ Sochar/ Liúntas Cúramóra ▪ Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair/Oideachas ▪ Scéim Fostaíochta Pobail/Shóisialta Tuaithe ▪ Liúntas Cúram Baile ▪ Íocaíocht Teaghlaigh atá i bhFostaíocht (tugadh Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT) air roimhe seo) ▪ Scoláirí Meánscoile ▪ Pinsean Easláine ▪ Pinsean Míchumais ▪ Atreoruithe Oifigiúla Tusla (cárta leighis ar bith ag teastáil) ▪ Atreoruithe Altra Sláinte Poiblí FSS (cárta leighis ar bith ag teastáil) ▪ TÚS ▪ Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha Gateway ▪ Gateway ▪ Sochar Cumais Pháirtigh 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Sochar/ Liúntas Cuardaitheora Poist* ▪ Liúntas Leasa Forlíontach** ▪ Íocaíocht Idirthréimhseach Chuardaitheora Poist ▪ JobPath 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cárta Leighis ▪ Tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh á bhfáil acu a liostaítear faoi BhandA A/AJ ach nach bhfuil cárta leighis acu 	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cárta Cuarite DG*** (leanaí 6 bl. d’aois + amháin) ▪ Tuismitheoirí/caomhnóirí nach gcáilítear iad a thuilleadh do BhandA A/AJ i mbliana ach ar deimhníodh iad a bheith i mBanda A/AJ ag deireadh na scoilbhliana roimhe seo
Íocaíocht lae iomláin (5 huaire +)	€145	€80	€70	€50
Íocaíocht pháirtaimseartha (3:31 – 5:00)	€80	€80	€35	€25

Íocaíocht sheisiúnach (2:16 – 3:30)	€45	€45	€25	€17
Íocaíocht leathsheisiúin (1:00 – 2:15)	€22.50	€22.50	€12.50	€8.50

2.2.5 Nóta faoi Thábla 2

*Liúntas/sochar cuardaitheora poist:

Cáilítear tuismitheoirí/caomhnóirí a cháilíonn do Bhanda AJ (le cárta leighis) do chúram leanaí fóirdheonaithe a mhéid le fóirdheontas €80 do chúram lae iomláin sa tseachtain. (Don chéad agus an dara lá, tá an fóirdheontas bunaithe ar an ráta céanna laethúil atá ag Banda A). Bíonn an chaidhp seo i gceist nuair a fhreastalaíonn leanbh idir 3 lá iomlána agus 5 lá iomlána sa tseachtain.

Cáilítear tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil Sochar / Liúntas Cuardaitheora Poist (SCP / LCP) á fháil acu agus **nach** bhfuil cárta leighis acu do chúram leanaí fóirdheonaithe faoi Bhandá B.

Tionscnamh de chuid an RGFCFS is ea 'JobsPath' d'fhaighteoirí LCP agus SCP.

**An Scéim Liúntais Leasa Fhorlontaigh

Féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir a bhfuil íocaíochtaí bunúsacha á bhfáil aige/aici faoin Scéim Liúntais Leasa Forlontaigh, agus atá ag feitheamh le cinneadh faoi éileamh achomharc a dhéanamh ar an mbanda AJ a bhronntar má éiríonn leis an éileamh.

*** Tá an cárta cuairte DG do leanaí 6 bl. d'aois + amháin

Níl an cárta cuairte DG uilíoch do leanaí faoi 6 bliana d'aois incháilithe don FCPP.

Tabhair faoi deara, le do thoil: Ní chuirtear aon Bhandá i bhfeidhm go huathoibríoch do na tuismitheoirí siúd a bhfuil **Sochar Máithreachais** á fháil acu, a bhfuil páirt á glacadh acu i **gcúrsa Springboard**, agus/nó Intéirneacht Forbartha Óige – Chéad Chéimeanna ('First Steps') nó a bhfuil Liúntas Oiliúna BOO/SOLAS á fháil acu. Déanfar cinneadh ar an mbanda cuí bunaithe ar an liúntas a fhaightear láithreach díreach roimh an gcúrsa/gclár/oiliúint/sochar. Caithfidh oifig áitiúil Intreo foirm fíoraithe an FCPP (atá ar fáil ar leathanach baile an PIP) a chomhlánú agus a cheangal leis an gclárúchán agus a chur faoi bhráid Pobal lena hathbheithniú.

2.2.6 Achomharc ar an Ráta Banda

Tá an ceart ag tuismitheoirí/caomhnóirí chun achomharc a dhéanamh ar a ráta banda má chreideann siad go ndearnadh earráid, nó má bhíonn an fhaisnéis a sholáthair an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí/FSS mícheart. Próiseáiltear an t-achomharc seo tríd an Soláthraí Seirbhíse.

2.2.7 Clárú Tusla

Caithfidh soláthraithe an FCPP a bheith cláraithe le Tusla do na háiteanna atá á soláthar, faoi mar a shainítear faoi 2.2.3, e.g. ní féidir seirbhísí a chistiú d'áiteanna páirtaimseartha nuair a bhíonn siad cláraithe le Tusla mar sheirbhís sheisiúnach. I ndiaidh gur thug an tAire Rialacháin isteach maidir le Seirbhísí ar Aois Scoile i bhFeabhra 2019, tá sé éigeantach anois go gcláraíonn seirbhísí a chuireann cúram leanaí ar fáil do leanaí ar aois scoile le Tusla. Is féidir teacht ar shonraí iomlána faoi na rialacháin seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.dcy.gov.ie agus ar láithreán gréasáin Tusla ag www.tusla.ie nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le do CCLC áitiúil (myccc.ie).

2.2.8 Clárú le Tusla ag Feighlithe Leanaí

Caithfidh feighlithe leanaí ar mian leo conradh a iontráil le haghaidh an FCPP a bheith cláraithe le Tusla. Le bheith cláraithe le Tusla, caithfidh feighlí leanaí na riachtanais a shásamh maidir le feighlithe leanaí faoi mar a dtugtar cuntas orthu i [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Leasuithe\), 2016](#) agus [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Aoise Scoile a Chlárú\), 2018](#)

2.3 Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse

2.3.1 Riachtanas Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse

Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse a chomhlánú ag tús gach bliain chláir. Caithfidh siad sonraí a thaispeáint faoi na táillí go léir a gearradh ar thuismitheoirí, anuas ar shonraí faoi aon mhuirir, lascaíní nó tabhartais bhreise a chuir an tseirbhís i bhfeidhm.

2.3.2 Riachtanas taispeána cáipéisí

Caithfidh cóip den Liosta Táillí, anuas ar chóipeanna d'aon litreacha caighdeánacha a eisíodh do thuismitheoirí, a bheith foilsithe i limistéar sa tseirbhís atá inrochtana do thuismitheoirí.

2.3.3 Riachtanas comhdaithe cáipéisí

Caithfidh soláthraithe seirbhíse litir shínte a bheith i gcomhad acu i dtaca le gach tuismitheoir/caomhnóir linbh ar chlár an FCPP, ina léirítear na táillí a faomhadh. Caithfidh gurb ionann na táillí seo agus iad siúd a thaispeántar sa Liosta Táillí.

2.3.4 Athruithe ar tháillí

Caithfidh an CCLC aon athruithe ar an Liosta Táillí nó an Féilire Seirbhíse a fhaomhadh. Caithfear fógra 20 lá oibre a thabhairt do thuismitheoirí ar aon athrú a dhéanfar ar an Liosta Táillí. Sa chás go ndearnadh an liosta táillí a leasú, caithfear litreacha maidir leis an liosta táillí leasaithe a eisiúint ansin agus caithfidh na tuismitheoirí/caomhnóirí iad a shíniú do chomhaid na seirbhíse. Caithfear cóipeanna ar na litreacha a eisíodh agus a síníodh ina dhiaidh sin a choimeád i gcomhad ar an áitreabh. Caithfear cóip nuashonraithe de Liosta Táillí a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís a bhfuil teacht ag tuismitheoirí air, anuas ar ar aon ardán ar líne a choimeádann an soláthraí ar mhaithe lena seirbhísí a fhógairt.

2.3.5 Féilire Seirbhíse an FCPP

Caithfear féilire an FCPP a scaipeadh ar gach tuismitheoir/caomhnóir ina léirítear na laethanta atá an tseirbhís ceaptha a bheith oscailte faoi bhliain chláir 19/20 an FCPP. Caithfear féilire an FCPP a fhoilsiú i limistéar sa tseirbhís atá inrochtana do thuismitheoirí.

2.3.6 Roghanna Breise

Féadfaidh soláthraithe cúram leanaí muirear a ghearradh ar roghanna breise, ach féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir a roghnú nach gcuirfear aon chinn de na roghanna breise ar fáil dóibh. Caithfear roghanna breise a shainiú ar an liosta táillí ag tús bhliain an chláir. Caithfear gach rogha a shainiú ar bhonn aonair. Ní féidir le seirbhísí tús áite a thabhairt ar bhonn na roghanna breise lena nglactar.

2.3.7 Éarlaisí Áirithinte

Féadfaidh soláthraí cúram leanaí éarlais áirithinte in-aisíoctha a ghearradh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí nua chun áit a choimeád do leanbh. Is ionann an éarlais uasta is féidir le soláthraí a ghearradh agus íocaíocht iomlán dhá sheachtain. **Caithfear gach éarlais a aisíoc laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh gur faomhadh clárú an linbh.**

2.3.8 Atreoruithe Tusla

Ba cheart go mbeadh litir atreoraithe Tusla ar pháipéar ceanteidil agus ba cheart go mbeadh ainm, dáta breithe agus UPSP an linbh ann, ba cheart dó dátaí tosaithe agus críochnaithe an chúraim leanaí a lua, caithfidh sé a bheith sínithe agus dátaithe ag an Oibrí Sóisialta a shínigh an Dearbhú Seirbhíse,

chomh maith, agus a dheimhniú go soláthróidh Tusla cistiú don leanbh ar leith sin chuig an tseirbhís chúram leanaí.

Níor cheart leanbh atá faoi réir atreorú Tusla a chlárú ar an PIP gan an litir chuí ó Oibrí Sóisialta Tusla agus Foirm Dhearbhairthe chomhfhreagrach na Seirbhíse a comhlánaíodh go hiomlán.

Ní foláir nach n-iarrfaidh an Soláthraí Seirbhíse ar thabhartas deonach ná saghas ar bith de tháille/chostas a ghearradh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí le leanaí atá faoi réir atreorú Tusla.

2.3.9 Atreorú Altra Sláinte Poiblí

Ba cheart go mbeadh litir atreoraithe ó Altra Sláinte Poiblí (ASP) ar pháipéar ceanteidil, ba cheart go n-áireofaí leis ainm, dáta breithe agus UPSP an linbh, ba cheart go luafaí ann na dátaí tosaithe agus críochnaithe agus a lua, más ábhartha, go mbeidh iarmhéid tháille an chúraim leanaí á íoc ag FSS agus ní mór dó a bheith sínithe agus dátaithe ag an ASP a shínigh Foirm Dhearbhairthe na Seirbhíse.

Níor cheart leanbh atá faoi réir atreorú Tusla a chlárú ar an PIP gan an litir chuí ón ASP agus gan Foirm Dhearbhairthe chomhfhreagrach na Seirbhíse a comhlánaíodh go hiomlán.

Ní foláir nach n-iarrfaidh an Soláthraí Seirbhíse ar thabhartas deonach ná saghas ar bith de tháille/chostas a ghearradh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí le leanaí atá faoi réir atreorú ASP.

2.3.10 Íocaíocht 52 seachtain a fháil ar fhreastal 50 seachtain

Más ionann dátaí tosaithe agus críochnaithe do shocrúchán linbh, faoi chlárú, agus 50 seachtain nó níos mó d'fhreastal i mbliain an chláir, íocfar an tseirbhís le haghaidh 52 seachtain.

2.3.11 Athrú ar Chúinsí

- i. I gcás aistriú úinéireachta ar sheirbhís (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh.
- ii. I gcás athrú ar stádas dlíthiúil seirbhíse (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh.
- iii. I gcás athrú ar sheoladh seirbhíse (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh.
- iv. I gcás go dtagann fairsingiú ar sheirbhís chúram leanaí chuig áitreabh breise, caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh. Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfidh na leanaí atá ag freastal ar an áitreabh nua/breise a bheith cláraithe faoi uimhir thagartha nua an RLGÓ.

2.3.12 Dúnadh seirbhíse

Má dhúnann soláthraí cúram leanaí a s(h)eirbhís, caithfear fógra a sheoladh ar aghaidh chuig a gCoiste Cúram Leanaí Contae i scríbhinn láithreach bonn agus chuig pipdocuments@pobal.ie. Má dhúntar seirbhís agus má thagann athrú ar chúinsí, tá ar an tseirbhís deireadh a chur le clárú dáta do gach clárú reatha ag dáta an dúnta, má thiteann an dúnadh amach laistigh den Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora. Má thiteann an dúnadh amach lasmuigh de na Fuinneoga Bainistíochta Coigilteora, ba cheart don Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh le Pobal láithreach.

2.4 Leanbh a Chlárú

2.4.1 Leanbh a iontráil ar Chlár an FCPP

Caithfidh an Bainisteoir Seirbhíse a dheimhniú agus a chomhaontú le tuismitheoirí/caomhnóirí an líon laethanta, saghas an tseisiúin agus an patrún freastail a bhfuil an leanbh á chlárú dóibh sula gcláraítear an leanbh d'áit san FCPP ar an PIP. Caithfidh an soláthraí cúram leanaí taifead den chomhaontú seo a choimeád.

Caithfear a léiriú i gclárú gach linbh ar an PIP patrún freastail féin an linbh. Sa chás gurb ann do neamhréiteach idir freastal agus clárú, caithfidh an soláthraí cúram leanaí an clárú a leasú ar an PIP ag an gcéad Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora eile a bhíonn ar fáil. Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, beidh ró-éileamh dlite don Roinn. Aisíocfar ró-éilimh i gcomhréir le comhaontú cistithe an FCPP. (Tá treoracha maidir le Leanbh a Chlárú ar fáil ar Thairseach an PIP). Féach, le do thoil, Mír 2.4 chun teacht ar na hathruithe ar nósanna imeachta i ndiaidh go gcuirtear tús leis an SCLN.

2.4.2 Leanbh a Chlárú don FCPP ar an PIP

Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse leanaí a chlárú ar chóras ar líne an PIP faoina gcomhaontú um chistiú de chuid an FCPP. Féach an Treoir ar an PIP, le do thoil, trí Leathanach Baile an PIP. Íocfar fóirdheontas i dtaca le leanaí incháilithe le héifeacht ó dháta tosaithe an linbh.

2.5 2.5 Freastal

2.5.1 Asláithreach

Má bhíonn leanbh as láthair, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir/caomhnóir lena dheimhniú an chúis a bhí le hasláithreach an linbh laistigh den chéad seachtain inar cuireadh tús leis an asláithreach. I ndiaidh don SCLN tosú, osclófar córas an PIP ar feadh tréimhsí sainithe (Fuinneoga Bainistíochta Coigilteora) ag amanna sainithe i gcaitheamh na tréimhse atá fágtha de bhliain an chláir, agus iarrfar ar Sholáthraithe Seirbhíse clárúcháin a nuashonrú le freastal a léiriú ar aon dul le rialacha na scéime. Ní bhainfidh nuashonruithe ach le haon athruithe laistigh den tréimhse ón “bhFuinneog Bhainistíochta Coigilteora” dheireanach.

2.5.2 Laghdú ar fhreastal/an PIP a nuashonrú

Sa chás go gcuirtear seirbhís ar an eolas go bhfuil a leibhéal freastail á laghdú ag leanbh a iontráladh ar an FCPP, e.g. anuas ó cheithre lá sa tseachtain go dtí dhá lá iomlána sa tseachtain nó ó lánaimseartha go páirtaimseartha, sular cuireadh tús leis an SCLN, caithfear é seo a nuashonrú ar an PIP láithreach. Socróidh an tseirbhís dáta fágála sa chlárú reatha agus athchláróidh sé an leanbh leis an leibhéal nua freastail.

Nuair nach ionann freastal agus clárú i bpatrún comhsheasmhach i gcaitheamh tréimhse ceithre seachtaine, caithfear clárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú. Caithfidh nuashonrú ar an PIP titim amach laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh gur cuireadh tús leis an bpatrún freastail laghdaithe. A luaithe a tosaíodh an SCLN, caithfear nuashonruithe ar chlárúcháin ar an PIP a chríochnú laistigh den chéad Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora eile a bhíonn ar fáil.

Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, beidh ró-éileamh dlite don Roinn. Aisíocfar ró-éilimh i gcomhréir le téarmaí chomhaontú cistithe an FCPP.

Beidh tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a leanaí cláraithe san FCPP sular tosaíodh an SCLN a bheith in ann a leibhéal seirbhíse a athrú/a laethanta agus/nó saghsanna seisiúin a choigeartú, ní féidir na hathruithe seo a dhéanamh, áfach, ach leis an soláthraí a chláraigh i dtosach iad. A luaithe a tosaíodh an SCLN, caithfear nuashonruithe ar chlárúcháin ar an PIP a chríochnú laistigh den chéad Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora eile a bhíonn ar fáil. Ní bheidh tuismitheoir/caomhnóir in ann soláthraí a athrú agus leanúint de bheith rannpháirteach sna cláir leagáide. Ní bheidh an teidlíocht ag tuismitheoir/caomhnóir go ndéanfar athmheasúnú orthu faoi na cláir leagáide i ndiaidh gur tosaíodh an SCLN.

2.5.3 Imeacht ón tseirbhís:

Má fhágann leanbh an tseirbhís, caithfidh soláthraí Pobal a chur ar an eolas láithreach agus an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh a lua. Má tharlaíonn an t-imeacht seo lasmuigh den Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora, nuashonróidh Pobal córas an PIP leis an imeacht seo a léiriú. Má tharlaíonn imeacht, áfach, i rith Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora, is faoin soláthraí a bheidh sé an córas a nuashonrú leis an imeacht a léiriú.

Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí fógra ceithre seachtaine a thabhairt do sholáthraithe go mbeidh leanbh ag imeacht ó sheirbhís. Cuirfidh seo ar chumas soláthraithe an PIP a nuashonrú agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht ar dháta féin an imeachta. I gcásanna nach dtugtar fógra i leith imeachta don soláthraí, is féidir leis an soláthraí fóirdheontas ceithre seachtaine a éileamh in ionad fógra.

Cé gur faoin tuismitheoir/caomhnóir a bhíonn sé a leanbh a bhaint ó sheirbhís ag aon pointe, ní cheadófar dóibh cistiú breise cúram leanaí a fháil fad a thiomnaítear an cistiú faofa do sheirbhís chúram leanaí i rith na tréimhse fógra ceithre seachtaine seo.

Is tábhachtach, chomh maith, a thabhairt faoi deara nach féidir an leanbh a chlárú i seirbhís eile faoi chlár an FCPP nuair a aistríonn leanbh seirbhís i ndiaidh tús a chur leis an SCLN. Beidh ar an tuismitheoir, ar an ábhar sin, clárú faoin SCLN chun teacht ar chistiú cúram leanaí. Tá breis faisnéise ar an bpróiseas seo ar fáil i dtreoirínte beartais an SCLN, atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

2.5.4 Neamhfhreastal

Nuair nár fhreastail leanbh ar an tseirbhís ar feadh ceithre seachtaine i ndiaidh a chéile, caithfidh an tseirbhís fógra a thabhairt do Pobal láithreach trí fhoirm Fágóra a chruthú ar thairseach Pobal ina luaitear an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís. I ndiaidh gur thosaigh an SCLN, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh le Pobal a dhéanfaidh córas an PIP a nuashonrú chun an t-imeacht a thabhairt le fios. Má tharlaíonn nach bhfreastalaíonn leanbh i rith Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora, déanann an Soláthraí Seirbhíse an PIP a nuashonrú leis an imeacht a thabhairt le fios.

Is féidir le seirbhís iarratas a dhéanamh ar an CCLC áitiúil, áfach, faoi chúinsí eisceachtúla chun síneadh a chur leis an gclárúchán ó cheithre seachtaine go dtí sé seachtaine/dhá sheachtain déag (féach, le do thoil, Treoirínte Beartais an SCLN chun teacht ar shonraí faoi chúinsí eisceachtúla www.ncs.gov.ie)

Is féidir leis an CCLC ábhartha cruthúnas tacaíochta a lorg i leith cúinsí eisceachtúla. Féadtar a áireamh le cruthúnas inghlactha litir nó deimhniú leighis ar féidir leis an soláthraí é a uaslódáil ar an gcóras (faoi mar a sholáthraíonn an tuismitheoir agus le comhaontú an tuismitheora).

Nuair a sheoltar litir ar aghaidh agus nuair a dhéanann an CCLC ábhartha an cinneadh nach bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist, caithfear dáta deiridh a lua leis an gclárúchán agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin (nach féidir leis a bheith níos déanaí ná deireadh na hasláithreachta leanúnaí ceithre seachtaine). A luaithe a thosaíonn an SCLN, má thagann an cás seo aníos, cuirfidh an Soláthraí Seirbhíse Pobal a chur ar an eolas agus ag brath ar an tréimhse ansin i rith bhliain an chláir, caithfidh Pobal/an tseirbhís an PIP a nuashonrú chun an t-imeacht a thabhairt le fios.

Nuair nach seoltar litir ar bith ar aghaidh agus i ndiaidh asláithreachta leanúnach sé seachtaine agus nuair nár fhill an leanbh ar an tseirbhís laistigh den am sin, caithfidh an soláthraí dáta deiridh a lua leis an gclárúchán agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin (i.e. ó dheireadh na hasláithreachta leanúnaí ceithre seachtaine). A luaithe a thosaíonn an SCLN, má thagann an cás seo aníos, cuirfidh an Soláthraí Seirbhíse Pobal a chur ar an eolas agus ag brath ar an tréimhse ansin i rith bhliain an chláir, caithfidh Pobal/an Soláthraí Seirbhíse an PIP a nuashonrú chun an t-imeacht a thabhairt le fios.

Nuair a sheoltar litir ar aghaidh tráth nach déanaí ná sé seachtaine ón asláithreacht tosaigh ach níos déanaí ná ceithre seachtaine (agus luadh dáta deiridh leis an gclárúchán dá bharr), is féidir an clárúchán a athbhunú trí dháta deiridh a lua leis an gclárúchán.

Is féidir le soláthraithe fógra a thabhairt don CCLC roimh asláithreacht leanúnach a bheidh ag teacht aníos nuair a chreideann siad go mbeidh cúinsí eisceachtúla i gceist.

2.6 Taifid a Choimeád

2.6.1 Taifid freastail

Caithfidh soláthraithe cúram leanaí taifid laethúla freastail a choimeád do gach leanbh a fhreastalaíonn agus caithfear a áireamh leis na taifid ainm iomlán an linbh, dáta an fhreastail agus am teachta agus am imeachta an linbh. Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teacht agus imeacht gach linbh a chur i dtaifead i bhfíor-am. Caithfear taifid freastail a choimeád ar an mbealach cuí sin ar dóthanach é lena dheimhniú fad iarbhir freastail gach linbh a ainmnítear i dtaobh uaireanta. Caithfear ainm an linbh a chur i dtaifead ar bhealach comhsheasmhach le patrúin freastail a shainiú (i.e. más bileoga seachtainiúla atá i gceist leis na taifid freastail, ba cheart go mbeadh ainm an linbh san áit chéanna gach seachtain).

Tabharfar tús áite d'athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid freastail i rith cuairteanna comhlíonta. Féach na riachtanais íosta, le do thoil, faoi mar atá siad leagtha amach sa treoir maidir le 'deachleachtas maidir le taifid freastail', (Aguisín 2).

2.6.2 Teip ar thaifid chúí freastail a choimeád

Má theiptear ar thaifid freastail dhóthanacha a choimeád, e.g., nuair a choimeádtar taifid freastail, ach i bhformáid nach gcuireann ar chumas oifigeach cuairte comhlíonta na huairteanta a dheimhniú a d'fhreastail leanbh, ar nós trí "ticeanna" a úsáid (ar aon dul le mír 2.5.1), b'fhéidir go measfar nár fhreastail an leanbh in aon chor. Féadfaidh an Roinn íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó a iarraidh go n-aisíoctar aon ró-éileamh a rinneadh ar airgead a íocadh cheana féin don tréimhse atá i gceist.

2.6.3 Cuairteanna Comhlíonta

- i. Caithfidh seirbhísí cuairteanna comhlíonta a éascú a thabharfar gan fhógra, rochtain ar an áitreabh, an pearsanra agus na taifid ábhartha ina measc.
- ii. Caithfidh an cáipéisíocht go léir a bhaineann le gnóthaí airgeadais na seirbhíse, cuntais, taifid táillí, cáilíochtaí foirne, PIP, liostaí táillí, cláir agus taifid freastail ina measc a bheith ar an láthair ag gach tráth. Caithfear na taifid seo a choimeád do thréimhse íosta seacht mbliana ó dháta éagtha an chonartha.
- iii. Is féidir le hoifigigh cuairte comhlíonta aon leabhair, taifid nó cáipéisí eile (leabhair, taifid nó cáipéisí ina measc a stóráiltear i bhfoirm neamh-inléite) a iniúchadh nó cóipeanna nó sleachta a ghlacadh díobh, a dtagann sé/sí orthu i gcaitheamh a c(h)igireacht a dhéanamh.

2.6.4 Nósanna Imeachta Tarraingthe Siar agus Aisghabhála

B'fhéidir go ndéanfar soláthraithe seirbhíse a ró-íoc, ag amanna, i gcaitheamh na bliana ar roinnt cúiseanna mar gheall ar aistriú, dúnadh, etc. Má ró-íocadh seirbhís ag deireadh na bliana (nó ar sheirbhís a dúnadh), eiseofar fógra leasaithe leithdháilte an FCPP agus caithfear aon chistiú barrachais an FCPP a íoc ar ais le Pobal.

Tá an ceart ar cosaint ag an RLGÓ agus/nó Pobal, (thar ceann an RLGÓ), chun ró-íocaíochtaí a fhorchúiteamh a rinne clár cistithe cúram leanaí amháin ó airgead atá le híoc le ceann eile. Déanfaidh Pobal idirchaidreamh le seirbhísí a n-imríonn aistarraingt/athbhunú tionchar orthu chun comhaontú a dhéanamh ar phlean cuí aisíocaíochta.

2.7 Fóirdheontas Uilíoch (an FCPU)

2.7.1 Léargas Ginearálta ar an bhFóirdheontas Uilíoch

Mar chuid de bheartas an Rialtais chun cúram leanaí a dhéanamh níos inacmhainne, thug an RLGÓ íocaíocht fóirdheontas cúram leanaí uilíoch a mhéid le €20 sa tseachtain isteach do theaghlach a úsáideann soláthraithe cúram leanaí incháilithe chun cúram a thabhairt do leanaí ó aois 6 mhí ar aghaidh don chéad phointe incháilithe iontrála ar scéim COLÓ. Riartar an scéim seo trí bhreisiú scéim an FCPP. Ar thosú an SCLN, beidh ar thuismitheoirí iarratas a dhéanamh ar an bhfóirdheontas uilíoch tríd an SCLN. Tá breis faisnéise ar fáil i dtreoirínte beartais an SCLN, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an RLGÓ.

2.7.2 Cáilitheacht don Fhóirdheontas Uilíoch

Tá an fóirdheontas cúram leanaí ar fáil do gach leanbh ó 6 mhí d'aois ar aghaidh go dtí an chéad phointe incháilithe iontrála ar chlár COLÓ.

2.7.3 Cáipéisí Riachtanacha

Caithfidh an thuismitheoir/caomhnóir Uimhir PSP agus dáta breithe an linbh a sholáthar, anuas ar Uimhir PSP an thuismitheora.

Caithfear cáipéisíocht a chuimsíonn faisnéis faoi UPSP a mhilleadh a luaithe nach dteastaíonn sí a thuilleadh.

2.7.4 Rátaí Cláir

Is é an fóirdheontas uasta uilíoch cúram leanaí sa tseachtain €20. Mar gheall go n-íoctar fóirdheontais an FCPP faoi láthair de réir shaghas an tseisiúin, i.e. lánaimseartha, páirtaimseartha,

seisiúnach, leathsheisiúnach, íocfar an ráta uasta uilíoch seachtainiúil fóirdheontais €20 ar bhonn pro-rata de réir shaghas an tseisiúin.

Tábla 3 Rátaí an Fhóirdheontais Uilíoch (an FCPU)		
Saghas Seisiúin an FCPU	Fóirdheontas Seachtainiúil	Fóirdheontas Laethúil
Lánaimseartha (i.e. 5 huairé sa lá, ar a laghad)	€20	€4
Páirtaimseartha (i.e. idir 3:31 agus 5 huairé sa lá)	€10	€2
Seisiúnach (i.e. idir 2:16 agus 3:30 sa lá)	€7	€1.40
Leathsheisiúnach (i.e. idir 1:00 agus 2:15 sa lá)	€3.50	€0.70

2.7.5 Rialacha Chlár an FCPU

Riartar an FCPU faoi scéim an FCPP agus bíonn sé á rialáil ag na rialacha céanna.

2.8 Riachtanais Airgeadais

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse faisnéis chothrom le dáta faoi leanaí a chlárú ar an PIP

Coimeádfaidh an Soláthraí Cláraithe taifid chúil lena chur ar chumas na Roinne nó gníomhairí a ghníomhaíonn thar a ceann (Pobal ina measc) a fhíorú go gcomhlíontar téarmaí ginearálta Chomhaontú Cistithe an FCPP. Ach go háirithe, **áireofar clár freastail** leis na taifid siúd ina léirítear go soiléir **dátaí, amanna agus faid an fhreastail do gach leanbh a shaináithnítear ar bhonn aonair gach lá a fhreastalaíonn an leanbh.** Ba cheart taifid ar ioncam agus caiteachas a choimeád cothrom le dáta agus ar fáil ar mhaithe lena bhfíorú.

Má theipeann ar an Soláthraí Seirbhíse taifid chruinne tinrimh agus/nó na sonraí faoi chlárúchán an linbh a nuashonrú go cruinn, faoi mar a iarrtar i gComhaontú Cistithe an FCPP, cuirfear cistiú an FCPP ar fionraí láithreach agus/nó b'fhéidir go mbeidh gá le hairgead a ró-éilíodh a íocadh cheana féin a aisíoc agus b'fhéidir go ndéanfar deireadh a chur le Comhaontú Cistithe an FCPP.

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse cuntais chúil bhliantúla do gach bliain airgeadais i gcomhréir leis na hamscálaí a leagann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí amach (do chuideachtaí teoranta) nó a leagann na Coimisinéirí Ioncaim amach (le haghaidh aonáin neamhchorpraithe). Is féidir cóipeanna de na cuntais siúd a sholáthar don CRE ar iarraidh.

Cuirfidh an Soláthraí Cláraithe cistí poiblí a fuarthas i gcuntas ar leithligh agus cinnteoidh sé/sí go bhfuil taifid chúil airgeadais á coimeád.

Léireoidh an soláthraí faofa meas ar agus comhlíonfaidh sé/sí an ról reachtúil agus freagrachtaí rialála agus cuntasachta poiblí na Roinne, a gníomhairí agus comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus ag gach tráth, comhoibreoidh sé/sí go hiomlán leis an Roinn, a gníomhairí agus gach comhlacht reachtúil eile ina leith seo.

2.9 Ceisteanna Coitianta faoi Chlár an FCPA (an FCPU san áireamh)

An féidir le leanbh freastal ar an FCPP i mbreis agus seirbhís amháin?

Is féidir. Ceadaítear é seo a fhad agus nach sáraíonn na laethanta iomlána a fhreastalaíonn an leanbh cúig lá iomlána.

Cathain a fhaomhfar bandaí?

Glacann sé thart ar idir trí agus ceithre seachtaine ar Pobal chun clárúcháin an FCPP a phróiseáil.

An gá dom fóirdheontas tuismitheora/caomhnóra a thabhairt sula bhfaomhann an RLGÓ an ráta banda?

Ní gá. Níl oibleagáid ar Sholáthraithe Seirbhíse fóirdheontas a thabhairt go dtí go bhfíoraíonn agus go bhfaomhann an RLGÓ bandaí. Ar a bhfaomhadh, áfach, caithfear méid iomlán an fhóirdheontais a aisíoc leis an tuismitheoir/caomhnóir laistigh de thréimhse ceithre seachtaine.

An féidir liom fóirdheontas an tuismitheora/caomhnóra a thabhairt sula bhfaomhtar an ráta banda an fhóirdheontais?

Níor cheart do sheirbhís an fóirdheontas a thabhairt do thuismitheoir/caomhnóir sula bhfaomhtar an ráta banda, ach más mian le seirbhís oibleagáid a chur ar na tuismitheoirí/caomhnóirí, áfach, trí fhóirdheontas a thabhairt dóibh ar a gcostais chúram leanaí sula bhfaomhann Pobal na bandaí, déanann siad amhlaidh ar a bpríacal féin agus spreagtar iad cruthúnas i leith cáilitheachta a iarraidh ón tuismitheoir/caomhnóir lena dhearbhu gur dóchúil go bhfaomhfar an banda a iarrtar.

Cén tuismitheoir/caomhnóir ar cheart an clárú don FCPP a dhéanamh faoi/fúithi le faomhadh cúí banda a chinntiú?

Ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí machnamh a dhéanamh ar cháilitheacht don FCPP nuair a dhéantar cinneadh faoi seo. Tabhair faoi deara, le do thoil, is é an tuismitheoir/caomhnóir ar an gclárú a bheidh sa tuismitheoir/caomhnóir a dheimhneoidh Pobal. Féadfaidh an bainisteoir cúram leanaí cabhrú leis an tuismitheoir/caomhnóir a dheimhniú a bhainfidh an fóirdheontas is airde amach. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an tseirbhís nó an tuismitheoir/caomhnóir teagmháil a dhéanamh lena CCLC áitiúil leis an gceist seo.

Tá leanbh an FCPP ag aistriú ó sheirbhís amháin chuig ceann eile nár scaoileadh cistiú an FCPP léi

Nuair a aistrítear leanbh ó sheirbhís amháin an FCPP chuig seirbhís eile an FCPP agus mura scaoiltear cistiú, ní bheidh an leanbh in ann páirt a ghlacadh i gClár an FCPP go dtí an tráth sin gur seirbheáladh an tréimhse fógra. Féach Aguisín 1, le do thoil, chun teacht ar cheadanna um fhreastal ar chlár.

An féidir le feighlí leanaí iontráil isteach i gconradh don FCPP?

Is féidir. Is féidir le feighlí leanaí iontráil i gconradh don FCPP a luaithe a shásaíonn siad na riachtanais maidir le seirbhís feighlíochta leanaí, faoi mar a dtugtar cuntas orthu i [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Leasuithe\), 2016](#) agus [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Aoise Scoile a Chlárú\), 2018](#) agus a luaithe a bhíonn siad cláraithe le Tusla.

Cathain a dhéantar íocaíochtaí?

Is féidir sceidil íocaíochta do Chláir Chistithe Cúram Leanaí a íoslódáil ó leathanach baile an PIP ag www.pobal.ie. Cuirfear clárúcháin nuashonraithe san áireamh in íocaíochtaí fóirdheontas laistigh d'Fhuinneoga Bainistíochta Coigilteora.

An féidir le teaghlach teacht ar an íocaíocht uilíoch do leanbh atá incháilithe do COLÓ fad a bhíonn siad ag feitheamh le háit COLÓ?

Ní féidir. Cuirtear deireadh leis an íocaíocht uilíoch a luaithe a bhaineann an leanbh an chéad phointe iontrála atá ar fáil amach dá leanbh incháilithe. Cuirtear deireadh leis an íocaíocht cé acu má ghlac nó murar ghlac an leanbh le háit.

Caibidil 3 An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal - Athlonnaíocht (an FCPA)

3.0 Léargas Ginearálta ar an FCPA

Mhéadaigh Rialtas na hÉireann cuóta athlonnaithe na hÉireann chun freastal ar a mhéid le 4,000 Dídeanaí den Chlár. Chun tacú le Dídeanaithe an Chláir (DCanna) ina n-athlonnú agus a n-imeascadh isteach i sochaí na hÉireann, aithníodh an gá atá le cistiú tiomnaithe cúram leanaí a sholáthar agus cuimsíodh cistiú cúram leanaí don cohórt seo isteach i gClár reatha an FCPP a chuireann ar chumas tuismitheoirí/caomhnóirí an tsaoirse a bheith acu chun freastal ar chúrsaí teanga agus tionscnaimh laistigh dá n-ionaid fáiltithe agus a n-aistriú isteach ina bpobail a leanúint.

3.1 Cáilitheacht don FCPA

Caithfidh leanaí rannpháirteacha réamhscoile a bheith idir 0 agus 5 bliana d'aois ar a ndáta tosaithe. Féadfaidh leanaí atá in aois scoile (idir 6 agus 12 bhliain) teacht ar chúram leanaí do thréimhsí saoire na bunscoile amháin. Deimhnítear cáilitheacht an tuismitheora/chaomhnóra a dhéanann iarratas i litir ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

3.2.1 Rialacha Chlár an FCPA 3.2.1 Fad an chláir

Is é fad iomlán an chláir 60 seachtain.

3.2.2 Uimhir Thagartha an RLGÓ

Caithfidh uimhir thagartha aonair an RLGÓ a bheith ag gach saoráid/láthair a oibríonn seirbhís agus caithfidh leanaí freastal ar an tsaoráid/láthair ina bhfuil siad cláraithe.

3.2.3 Riachtanas go nglacfaidh Seirbhísí an FCPA páirt i gClár COLÓ agus/nó CLOF

Caithfidh gur shínigh seirbhísí an FCPA comhaontú cistithe do Chlár COLÓ agus/nó CLOF chun páirt a ghlacadh san FCPP. Is féidir le Soláthraithe Seirbhíse an FCPA iarratas a dhéanamh ar an RLGÓ i scríbhinn ar dhíolúine ón riachtanas chun páirt a ghlacadh i gclár COLÓ/CLOF 2019/2020 ag eyqueries@dca.gov.ie.

3.2.4 Saghsanna áiteanna atá ar fáil faoi Chlár an FCPA

Níor chuirfidh seirbhísí an FCPA áiteanna cúram leanaí ar fáil ach ó cheann amháin nó níos mó de na leibhéil seirbhíse seo a leanas. Baineann ráta éagsúil fócaíochta le gach saghas socrúcháin.

- Áiteanna páirtaimseartha (idir 3 huaire an chloig agus 31 nóiméad agus 5 huaire an chloig sa lá)
- Áiteanna seisiúnacha (idir 2 uair an chloig agus 16 nóiméad agus 3 huaire an chloig sa lá)

3.2.5 Rátaí Cláir

- Tá bunráta €145 sa tseachtain iníoctha, do chúram leanaí páirtaimseartha (a mhéid le 5 huaire an chloig sa lá), i gcaitheamh 4 lá sa tseachtain do gach leanbh faofa d'fhad incháilithe a n-áite sa chúram leanaí.
- Tá bunráta €72.50 sa tseachtain iníoctha do chúram leanaí seisiúnacha (idir 2 uair an chloig agus 16 nóiméad agus 3 huaire an chloig agus 30 nóiméad) i gcaitheamh 4 lá sa tseachtain.

3.2.6 Cáipéisí/faisnéis riachtanach

Caithfidh tuismitheoir(i) litir chomhlánaithe cháilitheachta a sholáthar agus a shínigh Aonad an Chláir um Chosaint Dídeanaithe na hÉireann de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Cuirfear Foirm Dhearbhaite Tuismitheora an FCPA ar fáil do na Soláthraithe Seirbhíse ábhartha nach mór dóibh an fhoirm seo a chomhlánú de lámh agus í a choimeád ar mhaithe le comhlíonadh.

3.2.7 Clárú Tusla

Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse a bheith cláraithe le Tusla do na háiteanna atá á soláthar, faoi mar a shainítear faoi 3.2.4, e.g. ní féidir seirbhísí a chistiú d'áiteanna páirtaimseartha nuair a bhíonn siad cláraithe le Tusla mar sheirbhís sheisiúnach. I ndiaidh gur thug an tAire Rialacháin isteach maidir le Seirbhísí ar Aois Scoile i bhFeabhra 2019, tá sé éigeantach anois go gcláraíonn seirbhísí a chuireann cúram leanaí ar fáil do leanaí ar aois scoile le Tusla. Is féidir teacht ar shonraí iomlána faoi na rialacháin seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.dcy.gov.ie agus ar láithreán gréasáin Tusla ag www.tusla.ie nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le do CCLC áitiúil (myccc.ie).

3.2.8 Beartas Táillí agus an FCPA

Ní féidir iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí **aon** ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh i dtreo chostas cúram leanaí a linbh.

3.2.9 Éarlaisí áirithinte

Ní féidir le soláthraithe cúram leanaí éarlaisí áirithinte a iarraidh ó thuismitheoirí/chaomhnóirí chun áit a choimeád.

3.2.10 Roghanna Breise

Ní féidir le soláthraithe cúram leanaí ranníocaíochtaí airgeadais a iarraidh ó thuismitheoirí.

3.2.11 Beartas Féilire

Caithfidh an tseirbhís féilire a sholáthar do na thuismitheoirí/caomhnóirí lena thaispeáint dóibh na dátaí a bhíonn siad ar oscailt i gcaitheamh bhliain an chláir. Caithfear féilire an FCPA a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís a bhfuil teacht ag thuismitheoirí air, anuas ar ar aon ardán ar líne a choimeádann an soláthraí ar mhaithe lena seirbhísí a fhógairt.

3.2.12 Athrú ar chúinsí

- i. I gcás aistriú úinéireachta ar sheirbhís (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh.
- ii. I gcás athrú ar stádas dlíthiúil seirbhíse (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh.
- iii. I gcás athrú ar sheoladh seirbhíse (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh.
- iv. I gcás go dtagann fairsingiú ar sheirbhís chúram leanaí chuig áitreabh breise, caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh. Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfidh na leanaí atá ag freastal ar an áitreabh nua/breise a bheith cláraithe faoi uimhir thagartha nua an RLGÓ.

3.2.13 Dúnadh seirbhíse

Má dhúnann soláthraí cúram leanaí a s(h)eirbhís, caithfear fógra a sheoladh ar aghaidh chuig a gCoiste Cúram Leanaí Contae i scríbhinn láithreach bonn agus chuig [pipdocuments@pobal.ie](mailto:pipedocuments@pobal.ie). Má

dhúntar seirbhís agus má thagann athrú ar chúinsí, tá ar an tseirbhís deireadh a chur le clárú dáta do gach clárú reatha ag dáta an dúnta.

3.3 Leanbh a Chlárú

3.3.1 Leanbh a iontráil ar Chlár an FCPA

Caithfidh gur shínigh seirbhísí leis an gcomhaontú cistithe do chlár an FCPP d'fhonn clárú an FCPA a sheoladh ar aghaidh. Caithfidh an Bainisteoir Seirbhíse a dheimhniú agus a chomhaontú le tuismitheoirí/caomhnóirí an líon laethanta, saghas an tseisiúin agus an patrún freastail a bhfuil an leanbh á chlárú dóibh sula gcláraítear an leanbh d'áit san FCPA ar an PIP. Caithfidh an soláthraí cúram leanaí taifead den chomhaontú seo a choimeád.

Caithfear a léiriú i gclárú gach linbh ar an PIP patrún freastail féin an linbh. Sa chás gurb ann do neamhréiteach idir freastal agus clárú, caithfidh an soláthraí cúram leanaí an clárú a leasú ar an PIP. Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, beidh ró-éileamh dlite don Roinn. Aisíocfar ró-éilimh i gcomhréir le comhaontú cistithe an FCPP. (Féach an Treoir 'Athlonnú agus Aistriú an FCP-Clárúcháin' atá ar fáil leathanach baile an PIP).

3.3.2 Leanbh a Chlárú don FCPA ar an PIP

Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse leanaí a chlárú faoin FCPA ar chóras ar líne an PIP. Féach an Treoir ar an PIP, le do thoil, trí leathanach baile an PIP. Íocfar fóirdheontas i dtaca le leanaí incháilithe le héifeacht ó dháta tosaithe an linbh.

3.3.3 Fuinneog Chláráithe Linbh

Féadfaidh clárú tarlú ag am ar bith ó thús bhliain an chláir, (an 19 Lúnasa 2019) a fhad le tosú an SCLN. Nuair a bhíonn leanbh incháilithe do 60 seachtain agus nuair a cláraíodh é/í bhliain chláir 2018/2019, tabharfar seo anonn anois chuig bliain chláir 2019/2020. Ní chuirfear ar fáil ach a mhéid le 60 seachtain, ar an iomlán, i gcaitheamh dhá bhliain chláir do leanbh. Chun teacht ar bhreis faisnéise ar leanaí atá incháilithe don FCPA i ndiaidh gur cuireadh tús leis an SCLN, féach, le do thoil, treoirlíne bheartais an SCLN ar láithreán gréasáin an RLGÓ (www.dcy.gov.ie).

3.4 2.5 Freastal

3.4.1 Asláithreacht

Má bhíonn leanbh as láthair, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir/caomhnóir lena dheimhniú an chúis a bhí le hasláithreacht an linbh laistigh den chéad seachtain inar cuireadh tús leis an asláithreacht. I ndiaidh don SCLN tosú, osclófar córas an PIP ar feadh tréimhsí sainithe (Fuinneoga Bainistíochta Coigilteora) ag amanna sainithe i gcaitheamh na tréimhse atá fágtha de bhlianta an chláir, agus iarrfar ar Sholáthraithe Seirbhíse clárúcháin a nuashonrú le freastal a léiriú ar aon dul le rialacha na scéime. Ní bhainfidh nuashonruithe ach le haon athruithe laistigh den tréimhse ón "bhFuinneog Bhainistíochta Coigilteora" dheireanach.

3.4.2 Laghdú ar fhreastal/an PIP a nuashonrú

Sa chás go gcuirtear seirbhís ar an eolas go bhfuil a leibhéal freastail á laghdú ag leanbh a iontráladh ar an FCPA, e.g. anuas ó cheithre lá sa tseachtain go dtí dhá lá iomlána sa tseachtain nó ó lánaimseartha go páirtaimseartha, sular cuireadh tús leis an SCLN, caithfear é seo a nuashonrú ar an PIP. Socróidh an tseirbhís dáta fágála sa chlárú reatha agus athchláróidh sé an leanbh leis an leibhéal nua freastail.

Nuair nach ionann freastal agus clárú i bpatrún comhsheasmhach i gcaitheamh tréimhse ceithre seachtaine, caithfear clárúcháin a nuashonrú chun an líon iarbhír laethanta a d'fhreastail an leanbh a thabhairt le fios. Caithfidh nuashonrú ar an PIP titim amach laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh gur cuireadh tús leis an bpatrún freastail laghdaithe. A luaithe a tosaíodh an SCLN, caithfear nuashonruithe ar chlárúcháin ar an PIP a chríochnú laistigh den chéad Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora eile a bhíonn ar fáil.

Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, beidh ró-éileamh dlite don Roinn. Aisíocfar ró-éilimh i gcomhréir le téarmaí chomhaontú cistithe an FCPP.

Beidh tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a leanaí cláraithe san FCPA sular tosaíodh an SCLN a bheith in ann a leibhéal seirbhíse a athrú/a laethanta agus/nó saghsanna seisiúin a choigeartú, ní féidir na hathruithe seo a dhéanamh, áfach, ach leis an soláthraí a chláraigh i dtosach iad. A luaithe a tosaíodh an SCLN, caithfear nuashonruithe ar chlárúcháin ar an PIP a chríochnú laistigh den chéad Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora eile a bhíonn ar fáil. Ní bheidh tuismitheoir/caomhnóir in ann soláthraí a athrú agus leanúint de bheith rannpháirteach sna cláir leagáide. Ní bheidh tuismitheoir/caomhnóir i dteideal go ndéanfar athmheasúnú orthu faoi na cláir leagáide i ndiaidh gur cuireadh tús leis an SCLN. Gheobhaidh an tseirbhís cistiú ceithre seachtaine, ar a laghad, anuas ar fhógra coicíse, a thugann íocaíocht iomlán sé seachtaine agus íocfar an tseirbhís ar bhonn pro rata ina dhiaidh sin. Socróidh an tseirbhís dáta fágála sa chlárú reatha agus athchláróidh sé an leanbh le leibhéal nua freastail.

3.4.3 Imeacht ón tseirbhís

Má fhágann leanbh an tseirbhís, caithfidh soláthraí Pobal a chur ar an eolas láithreach agus an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh a lua. Má tharlaíonn an t-imeacht seo lasmuigh den Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora, nuashonróidh Pobal córas an PIP leis an imeacht seo a léiriú. Má tharlaíonn imeacht, áfach, i rith Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora, is faoin soláthraí a bheidh sé an córas a nuashonrú leis an imeacht a léiriú.

Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí fógra ceithre seachtaine a thabhairt do sholáthraithe go mbeidh leanbh ag imeacht ó sheirbhís. Cuirfidh seo ar chumas soláthraithe an PIP a nuashonrú agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht ar dháta féin an imeachta. I gcásanna nach dtugtar fógra i leith imeachta don soláthraí, is féidir leis an soláthraí fóirdheontas ceithre seachtaine a éileamh in ionad fógra.

Cé gur faoin tuismitheoir/caomhnóir a bhíonn sé a leanbh a bhaint ó sheirbhís ag aon pointe, ní cheadófar dóibh cistiú breise cúram leanaí a fháil fad a thiomnaítear an cistiú faofa do sheirbhís chúram leanaí i rith na tréimhse fógra ceithre seachtaine seo.

Is tábhachtach, chomh maith, a thabhairt faoi deara nach mbeidh ar an tuismitheoir clárú faoin SCLN chun teacht ar chistiú cúram leanaí nuair a aistríonn leanbh seirbhís i ndiaidh gur cuireadh tús leis an SCLN. Tá breis faisnéise ar an bpróiseas seo ar fáil i dtreoirilínte beartais an SCLN, atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

3.4.4 Neamhfhreastal

Nuair nár fhreastail leanbh ar an tseirbhís ar feadh ceithre seachtaine i ndiaidh a chéile, caithfidh an tseirbhís fógra a thabhairt do Pobal Láithreach trí fhoirm Fágóra a chruthú ar thairseach Pobal ina luaitear an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís. I ndiaidh gur thosaigh an SCLN, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh le Pobal a dhéanfaidh córas an PIP a

nuashonrú chun an t-imeacht a thabhairt le fios. Má tharlaíonn nach bhfreastalaíonn leanbh i rith Fuinneog Bhainistíochta Coigilteora, déanann an Soláthraí Seirbhíse an PIP a nuashonrú leis an imeacht a thabhairt le fios.

Is féidir le seirbhís iarratas a dhéanamh ar an CCLC áitiúil, áfach, faoi chúinsí eisceachtúla chun síneadh a chur leis an gclárúchán ó cheithre seachtaine go dtí sé seachtaine/dhá sheachtain déag. (Féach, le do thoil, Treoirínte Beartais an SCLN chun teacht ar shonraí faoi chúinsí eisceachtúla www.ncs.gov.ie)

Is féidir leis an CCLC ábhartha cruthúnas tacaíochta a lorg i leith cúinsí eisceachtúla. Féadtar a áireamh le cruthúnas inghlactha litir nó deimhniú leighis ar féidir leis an soláthraí é a uaslódáil ar an gcóras (faoi mar a sholáthraíonn an tuismitheoir agus le comhaontú an tuismitheora).

Nuair a sheoltar litir ar aghaidh agus nuair a dhéanann an CCLC ábhartha an cinneadh nach bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist, caithfidh an soláthraí dáta deiridh a lua leis an gclárúchán agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin (nach féidir leis a bheith níos déanaí ná deireadh na hasláithreachta leanúnaí ceithre seachtaine). A luaithe a chuirtear tús leis an SCLN, má thagann an cás aníos, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse Pobal a chur ar an eolas, ar an gcéad dul síos, agus ag brath ar an tréimhse ansin i rith bhliain an chláir, beidh ar Pobal/an Soláthraí Seirbhíse córas an PIP a nuashonrú chun seo a thabhairt le fios.

Nuair nach seoltar litir ar aghaidh faoi dheireadh asláithreachta leanúnach sé seachtaine agus nuair nár fhill an leanbh ar an tseirbhís laistigh den am sin, caithfidh an soláthraí dáta deiridh a lua leis an gclárúchán agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin (i.e. ó dheireadh na hasláithreachta leanúnaí ceithre seachtaine). A luaithe a chuirtear tús leis an SCLN, má thagann an cás aníos, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse Pobal a chur ar an eolas, ar an gcéad dul síos, agus ag brath ar an tréimhse ansin i rith bhliain an chláir, beidh ar Pobal/an Soláthraí Seirbhíse córas an PIP a nuashonrú chun seo a thabhairt le fios.

Nuair a sheoltar litir ar aghaidh tráth nach déanaí ná sé seachtaine ón asláithreachta tosaigh ach níos déanaí ná ceithre seachtaine (agus luadh dáta deiridh leis an gclárúchán dá bharr), is féidir an clárúchán a athbhunú trí dháta deiridh a lua leis an gclárúchán.

3.4.5 Aistriú ó sholáthraí FCPA amháin go ceann eile

D'fhéadfadh neamhfheastal tarlú má aistrítear an teaghlach chuig cóiríocht mhalartach agus más gá don teaghlach clárú i seirbhís chúram leanáí eile. Sa chás seo, b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach an riachtanas a chur ar fáil chun cistiú a aistriú sna ceithre sheirbhís don aistriú dhá sheachtain ó sheirbhís amháin chuig an gceann eile.

3.4.6 Má fhágann leanbh Clár an FCPA

Nuair a fhágann leanbh seirbhís an FCPA, caithfidh gach seirbhís fágóirí a thuairisciú agus caithfear an fhaisnéis a iontráil ar an PIP, agus a lua an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís.

3.5 Taifid a Choimeád

3.5.1 Taifid freastail

Caithfidh soláthraithe cúram leanaí taifid laethúla freastail a choimeád do gach leanbh a fhreastalaíonn agus caithfear a áireamh leis na taifid ainm iomlán an linbh, dáta an fhreastail agus am teachta agus am imeachta an linbh. Caithfear taifid freastail a choimeád ar an mbealach cuí sin ar dóthanach é lena dheimhniú fad iarbhair freastail gach linbh a ainmnítear i dtaobh uaireanta. Caithfear ainm an linbh a chur i dtaifead ar bhealach comhsheasmhach le patrúin freastail a shainnithint (i.e. más bileoga seachtainiúla atá i gceist leis na taifid freastail, ba cheart go mbeadh ainm an linbh san áit chéanna gach seachtain). Is fearr taifid sheachtainiúla a úsáid, mar gheall go n-éascaíonn siad patrúin freastail a dheimhniú.

Tabharfar tús áite d’athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid freastail i rith cuairteanna comhlíonta. Féach na riachtanais íosta, le do thoil, faoi mar atá siad leagtha amach sa treoir maidir le ‘deachleachtas maidir le taifid freastail’, (Aguisín 2).

3.5.2 Teip ar thaifid chúí freastail a choimeád

Má theiptear ar thaifid freastail dhóthanacha a choimeád, e.g., nuair a choimeádtar taifid freastail, ach i bhformáid nach gcuireann ar chumas oifigeach cuairte comhlíonta na huairteanta a dheimhniú a d’fhreastail leanbh, ar nós trí “ticeanna” a úsáid (ar aon dul le Mír 3.5.1), b’fhéidir go measfar nár fhreastail an leanbh in aon chor. Féadfaidh an Roinn íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó a iarraidh go n-aisíoctar aon ró-éileamh a rinneadh ar airgead a íocadh cheana féin don tréimhse atá i gceist.

3.5.3 Cuairteanna Comhlíonta

- I. Caithfidh seirbhísí cuairteanna comhlíonta a éascú a thabharfar gan fhógra, rochtain ar an áitreabh, an pearsanra agus na taifid ábhartha ina measc.
- II. Caithfidh an cháipéisíocht go léir a bhaineann le gnóthaí airgeadais na seirbhíse, cuntais, taifid táillí, cáilíochtaí foirne, PIP, liostaí táillí, cláir agus taifid freastail ina measc a bheith ar an láthair ag gach tráth. Caithfear na taifid seo a choimeád do thréimhse íosta seacht mbliana i ndiaidh dháta éagtha an chonartha.
- III. Is féidir le hoifigigh cuairte comhlíonta aon leabhair, taifid nó cáipéisí eile (leabhair, taifid nó cáipéisí ina measc a stóráiltear i bhfoirm neamh-inléite) a iniúchadh nó cóipeanna nó sleachta a ghlacadh díobh, a dtagann sé/sí orthu i gcaitheamh a c(h)igireacht a dhéanamh.

3.5.4 Nósanna Imeachta Tarraingthe Siar agus Aisghabhála

B’fhéidir go ndéanfar soláthraithe seirbhíse a ró-íoc, ag amanna, i gcaitheamh na bliana ar roinnt cúiseanna mar gheall ar aistrithe, dúnadh, etc. Má ró-íocadh seirbhís an FCPA ag deireadh na bliana, (nó ar dhúnadh seirbhíse), eiseofar fógra leasaithe leithdháilte an FCPA agus caithfear aon chistiú barrachais an FCPA a íoc ar ais le Pobal.

Tá an ceart ar cosaint ag an RLGÓ agus/nó Pobal, (thar ceann an RLGÓ), chun ró-íocaíochtaí a fhorchúiteamh a rinne clár cistithe cúram leanaí amháin ó airgead atá le híoc le ceann eile. Déanfaidh Pobal idirchaidreamh le seirbhísí a n-imríonn aistarraingt/athbhunú tionchar orthu chun comhaontú a dhéanamh ar phlean cuí aisíocaíochta.

3.6 Riachtanais Airgeadais

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse faisnéis chothrom le dáta faoi leanaí a chlárú ar an PIP

Coimeádfaidh an Soláthraí Cláraithe taifid chuí lena chur ar chumas na Roinne nó gníomhairí a ghníomhaíonn thar a ceann (Pobal ina measc) a fhíorú go gcomhlíontar téarmaí ginearálta Chomhaontú Cistithe an FCPP. Ach go háirithe, **áireofar clár freastail** leis na taifid siúd ina léirítear go soiléir **dátaí, amanna agus faid an fhreastail do gach leanbh a shainithnítear ar bhonn aonair gach lá a fhreastalaíonn an leanbh.** Ba cheart taifid ar ioncam agus caiteachas a choimeád cothrom le dáta agus ar fáil ar mhaithe lena bhfíorú.

Má theipeann ar an Soláthraí Seirbhíse taifid chruinne tinrimh agus/nó na sonraí faoi chlárúchán an linbh a nuashonrú go cruinn, faoi mar a iarrtar i gComhaontú Cistithe an FCPP, cuirfear cistiú an FCPP ar fionraí láithreach agus/nó b'fhéidir go mbeidh gá le hairgead a ró-éilíodh a íocadh cheana féin a aisíoc agus b'fhéidir go ndéanfar deireadh a chur le Comhaontú Cistithe an FCPP.

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse cuntais chuí bhliantúla do gach bliain airgeadais i gcomhréir leis na hamscálaí a leagann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí amach (do chuideachtaí teoranta) nó a leagann na Coimisinéirí Ioncaim amach (le haghaidh aonáin neamhchorpraithe). Is féidir cóipeanna de na cuntais siúd a sholáthar don CRE ar iarraidh.

Cuirfidh an Soláthraí Cláraithe cistí poiblí a fuarthas i gcuntas ar leithligh agus cinnteoidh sé/sí go bhfuil taifid chuí airgeadais á gcoimeád.

Léireoidh an soláthraí faofa meas ar agus comhlíonfaidh sé/sí an ról reachtúil agus freagrachtaí rialála agus cuntasachta poiblí na Roinne, a gníomhairí agus comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus ag gach tráth, comhoibreoidh sé/sí go hiomlán leis an Roinn, a gníomhairí agus gach comhlacht reachtúil eile ina leith seo.

3.7 Ceisteanna Coitianta faoi Chlár an FCPA

Tugadh an litir cheart cháilitheachta dom ach cistíodh an leanbh cheana féin don FCPA i seirbhís eile?

Féadfaidh leanaí atá incháilithe don FCPA aistriú idir seirbhísí d'fhonn gluaiseacht idir Ionaid Ghhlactha agus a bpobail nua. Féach, le do thoil, an Treoir 'Athlonnú, Athshuíomh agus Aistriú-Clárú an FCP', atá ar fáil ar Leathanach Baile an PIP, chun teacht ar bhreis sonraí faoi conas clárú an linbh a bhainistiú.

Caibidil 4 An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal - Athlonnaíocht (Idirthréimhseach) (FCPA(I))

4.0 Léargas Ginearálta ar an FCPA(I)

Mar chuid de “Éire a Atógáil – Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine”, sheol an RLGÓ foráil speisialta faoi Chlár reatha an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal (ar a dtugtar an FCPA (Idirthréimhseach)), a sholáthraíonn rochtain ar chúram leanaí saor in aisce do leanaí i dteaghlaigh atá thíos le heaspa dídine. Soláthraíonn an fhoráil fóirdheontas do gach leanbh réamhscoile idir 0 agus 5 bliana d’aois, an aois sin san áireamh agus idir 6 agus 12 bhliain d’aois i rith saoirí scoile amháin. Anuas air sin, tá an scéim in ainm is cabhrú leo siúd atá ag aistriú ó easpa dídine go dtí cóiríocht bhuan.

Tá an FCPA(I) ar fáil trí na seirbhísí go léir atá rannpháirteach i gclár an FCPP.

4.1 Cáilitheacht don FCPA(I)

Caithfidh leanaí rannpháirteacha réamhscoile a bheith idir 0 agus 5 bliana d’aois ar a ndáta tosaithe agus níl leanaí ar aois scoile a bheith idir 6 agus 12 bhliain d’aois incháilithe ach i rith tréimhsí saoire scoile amháin. Deimhníonn Focus Ireland nó an tÚdarás Áitiúil, má táthar lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, cáilitheacht an tuismitheora/chaomhnóra a dhéanann iarratas.

4.2 Rialacha Chlár an FCPA(I)

4.2.1 Fad an chlár

Tá bliain an chlár don bhliain 2019/2020 ón 19 Lúnasa 2019 go dtí an 14 Lúnasa 2020.

4.2.2 Uimhir Thagartha an RLGÓ

Caithfidh uimhir thagartha aonair an RLGÓ a bheith ag gach saoráid/láthair a oibríonn seirbhís agus caithfidh leanaí freastal ar an tsaoráid/láthair ina bhfuil siad cláraithe.

4.2.3 Riachtanas go nglacfaidh Seirbhísí an FCPA(I) páirt i gClár COLÓ agus/nó CLOF

Caithfidh gur shínigh seirbhísí an FCPA(I) comhaontú cistithe do Chlár COLÓ agus/nó CLOF chun páirt a ghlacadh. Is féidir le Soláthraithe Seirbhíse an FCPA(I) iarratas a dhéanamh ar an RLGÓ i scríbhinn ar dhíolúine ón riachtanas chun páirt a ghlacadh i gclár COLÓ/CLOF 2019/2020 ag eyqueries@dcya.gov.ie.

4.2.4 Saghsanna Áiteanna faoi Chlár an FCPA(I)

Ní chuirfidh seirbhísí an FCPA(I) áiteanna cúram leanaí ar tairiscint ach do na saghsanna seo a leanas de sheisiún:

- Áiteanna páirtaimseartha (idir 3 huairé an chloig agus 31 nóiméad agus 5 huairé an chloig sa lá)
- Áiteanna seisiúnacha (idir 2 uair an chloig agus 16 nóiméad agus 3 huairé an chloig sa lá)

4.2.5 Rátaí Clár

Baineann ráta éagsúil íocaíochta le gach saghas socrúcháin.

- i. I gcás cúram leanaí páirtaimseartha os cionn 5 lá sa tseachtain, íocfar bunráta €160 sa tseachtain, i dtaca le gach leanbh a fhreastalaíonn faoin FCPA(I), d'fhad incháilithe a n-áite sa chúram leanaí. Caithfear béile laethúil a sholáthar do gach leanbh, agus tá costas an bhéile sin san áireamh i ráta an fhóirdheontais.
- ii. I gcás cúram leanaí seisiúnach os cionn 5 lá sa tseachtain, íocfar bunráta €87.50 sa tseachtain i dtaca le gach leanbh a fhreastalaíonn d'fhad incháilithe a n-áite sa chúram leanaí. Caithfear béile laethúil a sholáthar, chomh maith, do gach leanbh, agus tá costas an bhéile sin san áireamh i ráta an fhóirdheontais.

4.2.6 Cáipéisí/faisnéis riachtanach

- i. Teastaíonn litir fíoraithe atá sínithe ag Focus Ireland (má táthar suite i gceantar Bhaile Átha Cliath) nó ó údarás áitiúil (i gcás gach contaetha lasmuigh de Bhaile Átha Cliath).
- ii. D'fhonn cáilitheacht a dheimhniú, teastaíonn Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) an Tuismitheora agus an linbh araon nuair atá Foirm Chláraithe FCPA(I) an Linbh á comhlánú.

Cuirfear Foirm Dhearbhaithe Tuismitheora an FCPA(I) ar fáil do na soláthraithe seirbhíse ábhartha nach mór dóibh an fhoirm seo a chomhlánú de láimh agus í a choimeád ar mhaithe le comhlíonadh.

Caithfear cáipéisíocht a chuimsíonn UPSP agus aon fhaisnéis eile a mhilleadh a luaithe nach dteastaíonn sí a thuilleadh.

4.2.7 Clárú Tusla

Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse a bheith cláraithe le Tusla do na háiteanna atá á soláthar, faoi mar a shainítear faoi 4.2.4, e.g. ní féidir seirbhísí a chistiú d'áiteanna páirtaimseartha nuair a bhíonn siad cláraithe le Tusla mar sheirbhís sheisiúnach. I ndiaidh gur thug an tAire Rialacháin isteach maidir le Seirbhísí ar Aois Scoile i bhFeabhra 2019, tá sé éigeantach anois go gcláraíonn seirbhísí a chuireann cúram leanaí ar fáil do leanaí ar aois scoile le Tusla. Is féidir teacht ar shonraí iomlána faoi na rialacháin seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.dcy.gov.ie agus ar láithreán gréasáin Tusla ag www.tusla.ie nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le do CCLC áitiúil (myccc.ie).

4.2.8 Beartas Táillí agus an FCPA(I)

Ní féidir iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí aon ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh i dtreo chostas cúram leanaí a linbh.

4.2.9 Éarlais áirithinte

Ní féidir le soláthraithe cúram leanaí aon éarlais áirithinte a iarraidh ó thuismitheoirí/chaomhnóirí chun áit a choimeád.

4.2.10 Roghanna Breise

Ní féidir le soláthraithe cúram leanaí ranníocaíochtaí airgeadais a iarraidh ó thuismitheoirí.

4.2.11 Beartas Féilire

Tá ar an tseirbhís féilire a sholáthar do na thuismitheoirí/chaomhnóirí lena thaispeáint dóibh na dátaí a bhíonn siad ar oscailt i gcaitheamh bhliain an chlár. Caithfear féilire an FCPA(I) a fhoilsiú i limistéar sa tseirbhís atá inrochtana do thuismitheoirí.

4.2.12 Athrú ar chúinsí

- i. I gcás aistriú úinéireachta ar sheirbhís (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh.
- ii. I gcás athrú ar stádas dlíthiúil seirbhíse (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh.
- iii. I gcás athrú ar sheoladh seirbhíse (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh.
- iv. I gcás go dtagann fairsingiú ar sheirbhís chúram leanaí chuig áitreabh breise, caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh. Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfidh na leanaí atá ag freastal ar an áitreabh nua/breise a bheith cláraithe faoi uimhir thagartha nua an RLGÓ.

4.2.13 Dúnadh seirbhíse

Má dhúnann soláthraí cúram leanaí a s(h)eirbhís, caithfear fógra a sheoladh ar aghaidh chuig a gCoiste Cúram Leanaí Contae i scríbhinn láithreach bonn agus chuig pipdocuments@pobal.ie. Má dhúntar seirbhís agus má thagann athrú ar chúinsí, tá ar an tseirbhís deireadh a chur le clárú dáta do gach clárú reatha ag dáta an dúnta.

4.3 Leanbh a Chlárú

4.3.1 Leanbh a iontráil ar Chlár an FCPA(I)

Caithfidh gur shínigh seirbhísí leis an gcomhaontú cistithe do chlár an FCPP d'fhonn clárú an FCPA(I) a sheoladh ar aghaidh. Caithfidh an Bainisteoir Seirbhíse a dheimhniú agus a chomhaontú le tuismitheoirí/caomhnóirí an líon laethanta, saghas an tseisiúin agus an patrún freastail a bhfuil an leanbh á chlárú dóibh sula gcláraítear an leanbh d'áit san FCPP ar an PIP. Caithfidh an soláthraí cúram leanaí taifead den chomhaontú seo a choimeád.

Caithfear a léiriú i gclárú gach linbh ar an PIP patrún freastail féin an linbh. Sa chás gurb ann do neamhréiteach idir freastal agus clárú, caithfidh an soláthraí cúram leanaí an clárú a leasú ar an PIP. Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, beidh ró-éileamh dlite don Roinn. Aisíocfar ró-éilimh i gcomhréir le comhaontú cistithe an FCPP.

(Féach an Treoir 'Athlonnú agus Aistriú an FCP-Clárúcháin' atá ar fáil leathanach baile an PIP).

4.3.2 Leanbh a Chlárú don FCPA(I)

Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse leanaí a chlárú faoin FCPA(I) ar chóras ar líne an PIP. Féach an Treoir ar an PIP, le do thoil, trí leathanach baile an PIP. Íocfar fóirdheontas i dtaca le leanaí incháilithe le héifeacht ó dháta tosaithe an linbh.

4.4 Freastal

4.4.1 Asláithreacht

Má bhíonn leanbh as láthair, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir/caomhnóir lena dheimhniú an chúis a bhí le hasláithreacht an linbh laistigh den chéad seachtain inar cuireadh tús leis an asláithreacht. I ndiaidh don SCLN tosú, osclófar córas an PIP ar feadh tréimhsí sainithe (Fuinneoga Bainistíochta Coigilteora) ag amanna sainithe i gcaitheamh na

tréimhse atá fágtha de bhliain an chláir, agus iarrfar ar Sholáthraithe Seirbhíse clárúcháin a nuashonrú le freastal a léiriú ar aon dul le rialacha na scéime. Ní bhainfidh nuashonruithe ach le haon athruithe laistigh den tréimhse ón “bhFuinneog Bhainistíochta Coigilteora” dheireanach.

4.4.2 Laghdú ar fhreastal/an PIP a nuashonrú

Sa chás go gcuirtear seirbhís ar an eolas go bhfuil a leibhéal freastail á laghdú ag leanbh a iontráladh ar an FCPA(I), e.g. anuas ó cheithre lá sa tseachtain go dtí dhá lá iomlána sa tseachtain nó ó lánaimseartha go páirtaimseartha, sular cuireadh tús leis an SCLN, caithfear é seo a nuashonrú ar an PIP. Socróidh an tseirbhís dáta fágála sa chlárú reatha agus athchláróidh sé an leanbh leis an leibhéal nua freastail.

Nuair nach ionann freastal agus clárú i bpatrún comhsheasmhach i gcaitheamh tréimhse ceithre seachtaine, caithfear clárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú. Caithfidh nuashonrú ar an PIP titim amach laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh gur cuireadh tús leis an bpatrún freastail laghdaithe. A luaithe a tosaíodh an SCLN, caithfear nuashonruithe ar chlárúcháin ar an PIP a chríochnú laistigh den chéad Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora eile a bhíonn ar fáil.

Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, beidh ró-éileamh dlite don Roinn. Aisíocfar ró-éilimh i gcomhréir le téarmaí chomhaontú cistithe an FCPP.

Beidh tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a leanaí cláraithe san FCPA(I) sular tosaíodh an SCLN a bheith in ann a leibhéal seirbhíse a athrú/a laethanta agus/nó saghsanna seisiúin a choigeartú, ní féidir na hathruithe seo a dhéanamh, áfach, ach leis an soláthraí a chláraigh i dtosach iad. A luaithe a tosaíodh an SCLN, caithfear nuashonruithe ar chlárúcháin ar an PIP a chríochnú laistigh den chéad Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora eile a bhíonn ar fáil. Ní bheidh tuismitheoir/caomhnóir in ann soláthraí a athrú agus leanúint de bheith rannpháirteach sna cláir leagáide. Ní bheidh an teidlíocht ag tuismitheoir/caomhnóir go ndéanfar athmheasúnú orthu faoi na cláir leagáide i ndiaidh gur tosaíodh an SCLN.

4.4.3 Imeacht ón tseirbhís

Má fhágann leanbh an tseirbhís, caithfidh soláthraí Pobal a chur ar an eolas láithreach agus an dáta deireanach a d’fhreastail an leanbh a lua. Má tharlaíonn an t-imeacht seo lasmuigh den Fhuinneog Bhainistíochta Coigilteora, nuashonróidh Pobal córas an PIP leis an imeacht seo a léiriú. Má tharlaíonn imeacht, áfach, i rith Fuinneog Bhainistíochta Coigilteora, is faoin soláthraí a bheidh sé an córas a nuashonrú leis an imeacht a léiriú.

Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí fógra ceithre seachtaine a thabhairt do sholáthraithe go mbeidh leanbh ag imeacht ó sheirbhís. Cuirfidh seo ar chumas soláthraithe an PIP a nuashonrú agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht ar dháta féin an imeachta. I gcásanna nach dtugtar fógra i leith imeachta don soláthraí, is féidir leis an soláthraí fóirdheontas ceithre seachtaine a éileamh in ionad fógra.

Cé gur faoin tuismitheoir/caomhnóir a bhíonn sé a leanbh a bhaint ó sheirbhís ag aon pointe, ní cheadófar dóibh cistiú breise cúram leanaí a fháil fad a thiomnaítear an cistiú faofa do sheirbhís chúram leanaí i rith na tréimhse fógra ceithre seachtaine seo.

Is tábhachtach, chomh maith, a thabhairt faoi deara nach mbeidh ar an tuismitheoir clárú faoin SCLN chun teacht ar chistiú cúram leanaí nuair a aistríonn leanbh seirbhís i ndiaidh gur cuireadh tús leis an SCLN. Tá breis faisnéise ar an bpróiseas seo ar fáil i dtreoirilínte beartais an SCLN, atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

4.4.4 Neamhfhreastal

Nuair nár fhreastail leanbh ar an tseirbhís ar feadh ceithre seachtaine i ndiaidh a chéile, caithfidh an tseirbhís fógra a thabhairt do Pobal láithreach trí fhoirm Fágóra a chruthú ar thairseach Pobal ina luaitear an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís. I ndiaidh gur thosaigh an SCLN, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh le Pobal a dhéanfaidh córas an PIP a nuashonrú chun an t-imeacht a thabhairt le fios. Má tharlaíonn nach bhfreastalaíonn leanbh i rith Fuinneog Bhainistíochta Coigilteora, déanann an Soláthraí Seirbhíse an PIP a nuashonrú leis an imeacht a thabhairt le fios.

Is féidir le seirbhís iarratas a dhéanamh ar an CCLC áitiúil, áfach, faoi chúinsí eisceachtúla chun síneadh a chur leis an gclárúchán ó cheithre seachtaine go dtí sé seachtaine/dhá sheachtain déag. (Féach, le do thoil, Treoirlínte Beartais an SCLN chun teacht ar shonraí faoi chúinsí eisceachtúla www.ncs.gov.ie)

Is féidir leis an CCLC ábhartha cruthúnas tacaíochta a lorg i leith cúinsí eisceachtúla. Féadtar a áireamh le cruthúnas inghlactha litir nó deimhniú leighis ar féidir leis an soláthraí é a uaslódáil ar an gcóras (faoi mar a sholáthraíonn an tuismitheoir agus le comhaontú an tuismitheora).

Nuair a sheoltar litir ar aghaidh agus nuair a dhéanann an CCLC ábhartha an cinneadh nach bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist, caithfidh an soláthraí dáta deiridh a lua leis an gclárúchán agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin (nach féidir leis a bheith níos déanaí ná deireadh na hasláithreachta leanúnaí ceithre seachtaine). A luaithe a chuirtear tús leis an SCLN, má thagann an cás aníos, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse Pobal a chur ar an eolas, ar an gcéad dul síos, agus ag brath ar an tréimhse ansin i rith bhliain an chláir, beidh ar Pobal/an Soláthraí Seirbhíse córas an PIP a nuashonrú chun seo a thabhairt le fios.

Nuair nach seoltar litir ar aghaidh faoi dheireadh asláithreachta leanúnach sé seachtaine agus nuair nár fhill an leanbh ar an tseirbhís laistigh den am sin, caithfidh an soláthraí dáta deiridh a lua leis an gclárúchán agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin (i.e. ó dheireadh na hasláithreachta leanúnaí ceithre seachtaine). A luaithe a chuirtear tús leis an SCLN, má thagann an cás aníos, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse Pobal a chur ar an eolas, ar an gcéad dul síos, agus ag brath ar an tréimhse ansin i rith bhliain an chláir, beidh ar Pobal/an Soláthraí Seirbhíse córas an PIP a nuashonrú chun seo a thabhairt le fios.

Nuair a sheoltar litir ar aghaidh tráth nach déanaí ná sé seachtaine ón asláithreachta tosaigh ach níos déanaí ná ceithre seachtaine (agus luadh dáta deiridh leis an gclárúchán dá bharr), is féidir an clárúchán a athbhunú trí dháta deiridh a lua leis an gclárúchán.

4.4.5 Má fhágann leanbh Clár an FCPA(I)

Nuair a fhágann leanbh seirbhís an FCPA(I), caithfidh gach seirbhís fágóirí a thuairisciú agus caithfear an fhaisnéis a iontráil ar an PIP, agus a lua an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís.

4.4.6 Cistiú an FCPA(I) má fhágann leanbh an tseirbhís

Mura dteastaíonn áit an linbh a thuilleadh nó murar fhreastail leanbh ar feadh ceithre seachtaine, cuirfear deireadh leis an gcistiú. Gheobhaidh an soláthraí cúram leaná cistiú ceithre seachtaine in ionad fógra.

4.4.7 Aistriú ó sholáthraí FCPA(I) amháin go ceann eile

D'fhéadfadh neamhfhreastal tarlú má aistrítear an teaghlach chuig cóiríocht mhalartach agus más gá don teaghlach clárú i seirbhís chúram leanaí eile. Sa chás seo, b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach an riachtanas a chur ar fáil chun cistiú a aistriú sna ceithre sheirbhís don aistriú dhá sheachtain ó sheirbhís amháin chuig an gceann eile.

Nóta: caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir litir chéanna cháilitheachta an RLGÓ a sheoladh chuig an gcéad soláthraí seirbhíse agus an dara soláthraí seirbhíse.

4.4.8 Aistriú ó Chlár CLOF go dtí Clár an FCPA(I)

Caithfidh an soláthraí seirbhíse dáta deiridh a iontráil ar chlárú an linbh ar an PIP agus an leanbh a athchlárú ar an PIP faoin FCPA(I).

4.5 Taifid a Choimeád

4.5.1 Taifid freastail

Caithfidh soláthraithe cúram leanaí taifid laethúla freastail a choimeád do gach leanbh a fhreastalaíonn agus caithfear a áireamh leis na taifid ainm iomlán an linbh, dáta an fhreastail agus am teachta agus am imeachta an linbh. Caithfear taifid freastail a choimeád ar an mbealach cuí sin ar dóthanach é lena dheimhniú fad iarbhír freastail gach linbh a ainmnítear i dtaobh uaireanta. Caithfear ainm an linbh a chur i dtaifead ar bhealach comhsheasmhach le patrúin freastail a shainnithint (i.e. más bileoga seachtainiúla atá i gceist leis na taifid freastail, ba cheart go mbeadh ainm an linbh san áit chéanna gach seachtain). Is fearr taifid sheachtainiúla/mhíosúla a úsáid, mar gheall go n-éascaíonn siad patrúin freastail a dheimhniú.

Tabharfar tús áite d'athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid freastail i rith cuairteanna comhlíonta. Féach na riachtanais íosta, le do thoil, faoi mar atá siad leagtha amach sa treoir maidir le 'deachleachtas maidir le taifid freastail', (Aguisín 2).

4.5.2 Teip ar thaifid chúí freastail a choimeád

Má theiptear ar thaifid freastail dhóthanacha a choimeád, e.g., nuair a choimeádtar taifid freastail, ach i bhformáid nach gcuireann ar chumas oifigeach cuairte comhlíonta na huairteanta a dheimhniú a d'fhreastail leanbh, ar nós trí "ticeanna" a úsáid (ar aon dul le Mír 4.5.1), b'fhéidir go measfar nár fhreastail an leanbh in aon chor. Féadfaidh an Roinn íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó a iarraidh go n-aisíoctar aon ró-éileamh a rinneadh ar airgead a íocadh cheana féin don tréimhse atá i gceist.

4.5.3 Cuairteanna Comhlíonta

- i. Caithfidh seirbhísí cuairteanna comhlíonta a éascú a thabharfar gan fhógra, rochtain ar an áitreabh, an pearsanra agus na taifid ábhartha ina measc.
- ii. Caithfidh an cháipéisíocht go léir a bhaineann le gnóthaí airgeadais na seirbhíse, cuntais, taifid táillí, cáilíochtaí foirne, PIP, liostaí táillí, cláir agus taifid freastail ina measc a bheith ar an láthair ag gach tráth. Caithfear na taifid seo a choimeád do thréimhse íosta seacht mbliana ó dháta éagtha an chonartha.
- iii. Is féidir le hoifigigh cuairte comhlíonta aon leabhair, taifid nó cáipéisí eile (leabhair, taifid nó cáipéisí ina measc a stóráiltear i bhfoirm neamh-inléite) a iniúchadh nó cóipeanna nó sleachta a ghlacadh díobh, a dtagann sé/sí orthu i gcaitheamh a c(h)igireacht a dhéanamh.

4.5.4 Nósanna Imeachta Tarraingthe Siar agus Aisghabhála

B'fhéidir go ndéanfar soláthraithe seirbhíse a ró-íoc, ag amanna, i gcaitheamh na bliana ar roinnt cúiseanna mar gheall ar aistrithe, dúnadh, etc. Má ró-íocadh seirbhís FCPA(I) ag deireadh na bliana, (nó ar dhúnadh seirbhíse), eiseofar fógra leasaithe leithdháilte an FCPA(I) agus caithfear aon chistiú barrachais an FCPA(I) a íoc ar ais le Pobal.

Tá an ceart ar cosaint ag an RLGÓ agus/nó Pobal, (thar ceann an RLGÓ), chun ró-íocaíochtaí a fhorchúiteamh a rinne clár cistithe cúram leanaí amháin ó airgead atá le híoc le ceann eile. Déanfaidh Pobal idirchaidreamh le seirbhísí a n-imríonn aistarraingt/athbhunú tionchar orthu chun comhaontú a dhéanamh ar phlean cuí aisíocaíochta.

4.6 Riachtanais Airgeadais an FCPA(I)

4.7 Riachtanais Airgeadais

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse faisnéis chothrom le dáta faoi leanaí a chlárú ar an PIP

Coimeádfaidh an Soláthraí Cláraithe taifid chuí lena chur ar chumas na Roinne nó gníomhairí a ghníomhaíonn thar a ceann (Pobal ina measc) a fhíorú go gcomhlíontar téarmaí ginearálta Chomhaontú Cistithe an FCPP. Ach go háirithe, **áireofar clár freastail** leis na taifid siúd ina léirítear go soiléir **dátaí, amanna agus faid an fhreastail do gach leanbh a shaináithnítear ar bhonn aonair gach lá a fhreastalaíonn an leanbh.** Ba cheart taifid ar ioncam agus caiteachas a choimeád cothrom le dáta agus ar fáil ar mhaithe lena bhfíorú.

Má theipeann ar an Soláthraí Seirbhíse taifid chruinne tinrimh agus/nó na sonraí faoi chlárúchán an linbh a nuashonrú go cruinn, faoi mar a iarrtar i gComhaontú Cistithe an FCPP, cuirfear cistiú an FCPP ar fionraí láithreach agus/nó b'fhéidir go mbeidh gá le hairgead a ró-éilíodh a íocadh cheana féin a aisíoc agus b'fhéidir go ndéanfar deireadh a chur le Comhaontú Cistithe an FCPP.

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse cuntais chuí bhliantúla do gach bliain airgeadais i gcomhréir leis na hamscálaí a leagann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí amach (do chuideachtaí teoranta) nó a leagann na Coimisinéirí Ioncaim amach (le haghaidh aonáin neamhchorpraithe). Is féidir cóipeanna de na cuntais siúd a sholáthar don CRE ar iarraidh.

Cuirfidh an Soláthraí Cláraithe cistí poiblí a fuarthas i gcuntas ar leithligh agus cinnteoidh sé/sí go bhfuil taifid chuí airgeadais á gcoimeád.

Léireoidh an soláthraí faofa meas ar agus comhlíonfaidh sé/sí an ról reachtúil agus freagrachtaí rialála agus cuntasachta poiblí na Roinne, a gníomhairí agus comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus ag gach tráth, comhoibreoidh sé/sí go hiomlán leis an Roinn, a gníomhairí agus gach comhlacht reachtúil eile ina leith seo.

4.8 Ceisteanna Coitianta faoi Chlár an FCPA(I)

An féidir le haon seirbhís leanbh a chlárú faoin gclár seo?

Caithfidh comhaontú cistithe a bheith ag Soláthraithe Seirbhíse leis an RLGÓ faoi chlár an FCPP le bheith incháilithe.

Cad is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí a sholáthar?

Ba cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí litir dheimhnithe a sholáthar atá ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí ó Focus Ireland i gceantar Bhaile Átha Cliath agus ó údaráis áitiúla lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Caithfidh an litir fhorordaithe a bheith ceangailte leis an gclárú faoin mír 'Faisnéis faoi Cháilitheacht Tuismitheora'. Tá an litir seo ar fáil ag www.pobal.ie.

B'fhéidir go mbeidh leanbh atá i mo sheirbhís incháilithe don FCPA(I) ach tá sé/sí san FCP/FCPP/COLÓ cheana féin, an féidir leo bheith mar bhall den FCPA(I)?

Is féidir, má tá leanbh i gclár cúram leanaí an RLGÓ cheana féin, déanfaidh an tseirbhís dáta deiridh a iontráil ar chlárú an linbh ar an PIP agus an leanbh a athchlárú ar an PIP faoin FCPA(I).

Caibidil 5 Cúram Leanaí um Oiliúint agus Fostaíocht (CLOF)

Cuirfear deireadh le gach clárúchán nua do Chlár CLOF nuair a chuirtear tús leis an Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta (an SCLN). Foráiltear san Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí, 2018 d'idirthrémhse ar féidir le tuismitheoirí a roghnú chun leanúint leis na huairanta céanna agus leibhéal céanna de thacaíocht airgeadais a fháil lena linn (faoi réir coinníollacha áirithe a dhéantar a dhoiciméadú anseo istigh) a gheobhaidís faoi na scéimeanna leagáide roimhe seo. Chuige sin, leanfaidh na scéimeanna leagáide de bheith ar siúl do bhliain chlár 19/20 agus cuirfear ar siúl iad i gcomhthráth leis an SCLN. Ar an ábhar sin, beidh iad siúd go léir atá cláraithe agus a bhfuil fóirdheontas a fháil acu faoi scéim CLOF i dteideal an fóirdheontas sin a choimeád d'idirthrémhse ama i gcomhréir leis na riachtanais a leagtar amach sa chaibidil seo.

Cé go dtabharfaidh an formhór díobh siúd faoi deara a bhaineann tairbhe as scéimeanna leagáide go bhfuil méadú tagtha ar a leibhéal fóirdheontais faoin SCLN, ní cháileoidh roinnt tuismitheoirí d'fhóirdheontas faoin scéim nua, nó b'fhéidir go laghdófar a bhfóirdheontas, nó b'fhéidir go dtabharfaidh siad laghdú faoi deara ar an líon uaireanta an chloig a dhéantar a fhóirdheonú. Ar an ábhar sin, bíonn an rogha ag daoine atá cláraithe ar CLOF sula gcuirfear tús leis an SCLN chun aistriú chuig an SCLN nó fanacht de bheith rannpháirteach i scéim CLOF d'fhad a gcáilitheachta. Beidh deis theoranta ann chun clárúcháin a athrú díobh siúd a roghnaíonn chun fanacht de bheith rannpháirteach in CLOF agus déanfar aon athruithe trí theagmháil a dhéanamh leis na CCLCanna agus le Pobal go díreach.

Ar thosú an SCLN, ní féidir aon chhlárúcháin nua a dhéanamh i dtaobh leanaí nach raibh cláraithe roimhe seo faoi chlár an FCPP agus CLOF agus déanfaidh Pobal gach cuóta de CLOF nár úsáideadh a aistarraingt ó Choistí Cúram Leanaí Contae.

Beidh ar sholáthraithe a chinntiú go mbíonn gach clárúchán de chuid CLOF cothrom le dáta agus go léirítear freastal iontu ar aon dul le rialacha na scéime ábhartha leagáide a fhad le tosú an SCLN. Beidh ar sholáthraithe, chomh maith, a chinntiú go mbíonn clárúcháin comhsheasmhach le leibhéal freastail i rith na tréimhse seo ina dtugtar an clár isteach.

Cumhdaítear sna rialacha do Chlár CLOF thíos foirceannadh CLOF do na seirbhísí siúd a roghnaíonn a gcliaint fanacht de bheith rannpháirteach i gClár CLOF do bhliain chlár dheireanach 2019/2020. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mbeidh tairbhíthe scéim CLOF i dteideal go ndéanfar athmheasúnú orthu faoi scéimeanna leagáide i ndiaidh gur cuireadh tús leis an SCLN, ach is féidir leo a laethanta agus/nó saghsanna seisiúin a choigeartú. Ní féidir le tairbhíthe ach an leibhéal seirbhíse a athrú leis an soláthraí ar chláraigh siad leo i dtosach, i.e. ní féidir leo soláthraithe a athrú agus CLOF nó aon scéim spriocdhíríthe leagáide eile a athiontráil.

Tá breis faisnéise ar an SCLN ar fáil i dTreoirilínte Beartais an SCLN, atá ar fáil ar an PIP agus ar láithreán gréasáin an RLGÓ.

5.0 Léargas Ginearálta ar CLOF

Clár uileghabhálach cúram leanaí is ea an Clár CLOF atá cistithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus tá sé in ainm is tacú go sonrath le tuismitheoirí/caomhnóirí ar chúrsaí oiliúna incháilithe Bord Oideachais agus Oiliúna, anuas ar catagóirí áirithe de thuismitheoirí/chaomhnóirí atá ag filleadh ar an obair, trí áiteanna fóirdheonaithe cúram leanaí a sholáthar. Soláthraíonn an Clár CLOF tacaíocht chúram leanaí do thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le hoideachas agus cúrsaí oiliúna (TCLOO) áirithe, tuismitheoirí/caomhnóirí atá ag oibriú ar chlár Fostaíochta Pobail (CFP), agus do

theaghlaigh, chomh maith, a bhfuil Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (CLIS) á fháil acu. Cuirfear deireadh leis an gclár cúram leanaí CLOF a oibriú a luaithe a chríochnaigh gach rannpháirtí a cláraíodh sular thosaigh an SCLN an t-am a sannadh dóibh i sa scéim CLOF.

An Clár Tacaíochta Cúram Leanaí um Oiliúint agus Oideachas (TCLOO)

Riarann agus cistíonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an Clár TCLOO. Soláthraíonn sé cúram leanaí do rannpháirtithe áirithe cúrsa oiliúna ar chúrsaí a sholáthraíonn na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO, FÁS agus Coistí Gairmoideachais (VECanna) roimhe seo), go sonrach, cúrsaí a reáchtáiltear in ionaid oiliúna (ionaid oiliúna FÁS roimhe seo), cúrsaí Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus daltaí Meánscoileanna. Comhfhreagraíonn fad an TCLOO do na dátaí tosaithe agus críochnaithe a luaitear ar an litir cháilitheachta a fhad le 50 seachtain sa bhliain. (Déanann an SCLN nua an cháilitheacht a fhairsingiú do sholáthar cúram leanaí do gach clár oideachais agus oiliúna atá deimhnithe ag DCCÉ, ag brath ar chúinsí an iarratasóra. Tá breis faisnéise ar an SCLN ar fáil i dTreoirínite Beartais an SCLN, atá ar fáil ar an PIP agus ar láithreán gréasáin an RLGÓ). **Dúnfar an clár TCLOO do chlárúcháin nua ó thosú an SCLN.** Cuirfear deireadh le clár CLOF a oibriú a luaithe a chríochnaigh gach rannpháirtí a cláraíodh sular seoladh an SCLN an t-am a sannadh dóibh sa scéim.

Clár Cúram Leanaí Fostaíochta Pobail (CLFP)

Riartar Scéim an CLFP thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus soláthraíonn sé cúram leanaí do leanaí le tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil páirt á glacadh acu ar scéimeanna Fostaíochta Pobail. Comhfhreagraíonn fad an CLFP do na dátaí tosaithe agus críochnaithe a luaitear ar an litir cháilitheachta Fostaíochta Pobail a sholáthair an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a mhéid le 50 seachtain sa bhliain. **Dúnfar clár an CLFP do chlárúcháin nua ó thosú an SCLN.** Cuirfear deireadh le gach oibriú de chlár an CLFP a luaithe a chríochnaigh gach rannpháirtí a cláraíodh sular seoladh an SCLN an t-am a sannadh dóibh sa scéim.

An Clár Cúram Leanaí Iarscoile (CLIS)

Riarann agus cistíonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an scéim CLIS. Soláthraíonn sé cúram iarscoile do leanaí bunscoile do chatagóirí áirithe tuismitheoirí/caomhnóirí atá ag oibriú agus tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil páirt á glacadh acu i gcláir fostaíochta (gan Fostaíocht Pobail a áireamh) bunaithe ar chritéir cháilitheachta a sholáthraíonn an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Tá CLIS ar fáil ar bhonn aonuaire ar feadh 52 seachtain, ar a mhéid, agus caithear an liúntas seo a úsáid i ndiaidh a chéile don bhliain chláir dheireanach seo. **Dúnfar clár an CLIS do chlárúcháin nua ó thosú an SCLN.** Cuirfear deireadh le clár an CLIS a oibriú a luaithe a chríochnaigh gach rannpháirtí a cláraíodh sular seoladh an SCLN an t-am a sannadh dóibh sa scéim.

Soláthraítear cistiú breise chun saoirí scoile a chúiteamh. Tugtar ‘breisiú’ air seo. Níl CLOF ar fáil ach trí sheirbhísí rannpháirteacha luathbhlianta; tá fáil ar liosta de na seirbhísí seo tríd an CCLC ábhartha áitiúil.

5.1 Cáilitheacht do CLOF (TCLOO, CLFP agus CLIS)

Deimhníonn an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an RGFCs) agus/nó Solas-BOO cáilitheacht na rannpháirtithe uile do CLOF agus tugtar cuntas air thíos do gach clár.

5.1.1 Critéir Cháilitheachta do TCLOO

A fhad le tosú an SCLN, tá rannpháirtithe ar na cláir Bhreiseoideachais seo a leanas incháilithe iarratas a dhéanamh ar chistiú **TCLOO**:

- Cúrsaí Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) atá faofa i dtaobh TCLOO (Ionaid Oiliúna FÁS roimhe seo)
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS amháin) atá faofa i dtaobh TCLOO

- Ógtheagmháil atá faofa i dtaobh TCLOO
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (an BTEI)
- Scoláirí meánscoile atá ag tabhairt aghaidhe ar shraith an Teastais Shóisearaigh nó na hArdeistiméireachta

Níl aon riachtanas íosta aoise ann, ach caithfidh leanbh a bheith faoi bhun 15 bliana d’aois ar dháta tosaithe an chúraim leanaí do TCLOO.

5.1.2 Cáipéisí/faisnéis riachtanach do TCLOO

Caithfidh tuismitheoir/caomhnóir litir a sholáthar óna soláthraí oiliúna ina gcuirtear uaireanta cúrsa agus dátaí tosaithe agus críochnaithe san áireamh **roimh dháta tosaithe an SCLN**. Teastaíonn Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSPanna) an tuismitheora/chaomhnóra agus an linbh araon, chomh maith.

5.1.3 Critéir Cháilitheachta do CLFP

Faoin gclár **CLFP** (réamhscoil agus iarscoil), tá rannpháirtí Fostaíochta Pobail (FP) óna dteastaíonn cúram leanaí chun tús a chur le scéim FP nó leanúint le scéim FP incháilithe d’áit chúram leanaí sa scéim CLFP **a fhad le tosú an SCLN**. Ní bheidh aon chlárúcháin nua ar CLFP i ndiaidh go gcuirtear tús leis an SCLN. Caithfidh leanbh a bheith faoi 5 bliana d’aois ar dháta tosaithe an chúraim leanaí do CLFP (Réamhscoil). Caithfidh leanbh a bheith faoi 13 bliana d’aois ar dháta tosaithe an chúraim leanaí do CLFP (Iarscoil).

5.1.4 Cáipéisí/faisnéis riachtanach do CLFP

Caithfidh tuismitheoir/caomhnóir litir a sholáthar óna nUrraitheoir FP sula gcuirtear tús leis an SCLN le huaireanta oibre agus dátaí tosaithe agus críochnaithe a chur san áireamh.

5.1.5 Critéir Cháilitheachta do CLIS

Tá tuismitheoirí incháilithe do **CLIS** (sula dtosaítear an SCLN) má tá leanbh amháin nó níos mó acu idir aois 4 agus 13 bliana atá sa bhunscoil; agus

- má tá Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT) á fháil acu (gan aird ar fhad);
nó
- tá éileamh á dhéanamh acu faoi láthair (**agus tá éileamh á dhéanamh acu le trí mhí anuas**), ar Shochar Cuardaitheora Poist (SCP), Liúntas Cuardaitheora Poist (LCP), Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist (ÍICP) nó Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora (ÍTA) nó má tá tú rannpháirteach i gclár fostaíochta an RGFCs;
agus
- déanann tú:
 - post nua a thosú; nó
 - d’fhostaíocht a mhéadú; nó
 - clár fostaíochta an RGFCs a thosú (seachas FP*).

Nóta: *Fágfar FP as an áireamh ó cháilitheacht do CLIS mar gheall go soláthraíonn Clár Cúram Leanaí FP (CLFP) cúram leanaí fóirdheonaithe do gach rannpháirtí FP a bhfuil leanaí acu idir 0 agus 13 bliana d’aois.

Caithfidh leanbh a bheith sa bhunscoil agus níos lú ná 13 bliana d’aois ar dháta tosaithe an chúraim leanaí do CLIS (an samhradh san áireamh sula dtosaítear an bhunscoil).

5.1.6 Cáipéisí/faisnéis riachtanach do CLIS

Féadfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí litir a sholáthar ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an RGFC) a dheimhníonn a stádas, nó ráiteas clóite óna saoráid uathoibríthe ráitis ar a láithreán gréasáin. NÓTA: Má táthar rannpháirteach in CLIS, ní chuirtear cosc ar iarratas a dhéanamh, ina dhiaidh sin, ar Fhorlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT), sa chás go gcomhlíontar critéir cháilitheachta FIT eile.

Sprioc-Chláir: Méideanna Cistithe	Tacaíochtaí Cúram Leanaí um Oilíúint agus Oideachas (TCLOO) (pro-rata a mhéid le 5 lá sa tseachtain)	Cúram Leanaí Iarscoile (CLIS) (pro-rata a mhéid le 5 lá sa tseachtain)	Cúram Leanaí Fostaíochta Pobail Réamhscoile (CLFP RS) Bunráta*- 5 lá sa tseachtain)	Cúram Leanaí Fostaíochta Pobail Iarscoile (CLFP RS) Bunráta*- 5 lá sa tseachtain)
Íocaíocht Lae Iomlán Sheachtainiúil (Idir 5 agus 10 n-uaire sa lá)	€145 sa tseach.	N/B	N/B	N/B
Íocaíocht Pháirtaimseartha Sheachaintiúil (3:31-5:00 uair sa lá)	€80 sa tseach. + breisiú 14 seach. (€65 sa bhreis sa tseach.)	N/B	€80 sa tseach. * pro-rata nuair a úsáidtear cúram leanaí lánaimseartha á úsáid cúpa lá agus nuair atá an leanbh in COLÓ chomh maith	N/B
Íocaíocht Sheachtainiúil Sheisiúnach (2:16-3:30 uair sa lá)	N/B	N/B	N/B	N/B
Íocaíocht Sheachtainiúil Leathsheisiúin (1:00-2:15 uair sa lá)	N/B	N/B	N/B	N/B
Iarscoile (a mhéid le 3:30 uair sa lá)	€45 sa tseach. + breisiú 14 seach. (€100 sa bhreis sa tseach.)	€45 sa tseach. + breisiú 14 seach. (€100 sa bhreis sa tseach.)	N/B	€45 sa tseach. + breisiú 10 seach. (€35 sa bhreis sa tseach.)
Iarscoile + Iompar	€80 sa tseach. + breisiú 14 seach. (€65 sa bhreis sa tseach.)	€80 sa tseach. + breisiú 14 seach. (€65 sa bhreis sa tseach.)	N/B	N/B 48
Ranníocaíocht Uasta Tuismitheora (pro-rata)	Lá Iomlán Páirtaimseartha Iarscoile Iarscoile le hIompar	€25 sa tseach. €15 sa tseach.	€15 sa tseach.	€15 sa tseach.

infheidhme) *Ní féidir leis an bhfóirdheontas móide ranníocaíocht tuismitheora i dteannta a chéile an costas a shárú a bhíonn ar an áit de réir liosta táillí na seirbhíse		€5 sa tseach. €15 sa tseach.			
---	--	---------------------------------	--	--	--

5.2 Rialacha an Chláir CLOF

5.2.1 Uimhir Thagartha an RLGÓ

Caithfidh uimhir thagartha aonair an RLGÓ a bheith ag gach saoráid/láthair a oibríonn seirbhís agus caithfidh leanaí freastal ar an tsaoráid/láthair ina bhfuil siad cláraithe.

5.2.2 Leanbh a iontráil ar an gClár CLOF

Caithfidh an Bainisteoir Seirbhíse an líon laethanta a dheimhniú a bhfuil leanbh á rollú dóibh agus catagóir an chúraim leanaí CLOF a theastaíonn nuair atá an leanbh á chlárú d'áit in CLOF. Caithfidh an soláthraí cúram leanaí taifead den chomhaontú seo a choimeád. Caithfear a léiriú sa chlárú an freastal iarbhir. Sa chás gurb ann do neamhréiteach idir freastal agus clárú, caithfidh an soláthraí cúram leanaí an clárú a leasú ar an PIP.

I ndiaidh gur cuireadh tús leis an SCLN, oibreofar breisiú ar an mbealach céanna a oibríodh i mblianta roimhe seo. Caithfidh seirbhísí teagmháil a dhéanamh le Pobal, áfach, chun aon choigeartuithe a dhéanamh ar chlárúcháin reatha lasmuigh den 'breisiú' mar gheall nach mbeidh ar chumas an PIP athruithe a éascú go díreach. Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhir freastail a léiriú, beidh ró-éileamh dlite don Roinn. Aisíofar ró-éilimh i gcomhréir le comhaontú cistithe CLOF. Beidh treoracha maidir le Leanbh a Chlárú ar fáil ar leathanach baile an PIP.

Caithfear cáipéisíocht a chuimsíonn faisnéis faoi UPSP a mhilleadh a luaithe nach dteastaíonn sí a thuilleadh.

5.2.3 Leanbh CLOF a Chlárú ar an PIP

Caithfidh seirbhísí CLOF an leanbh a chlárú faoina gcomhaontú cistithe CLOF ar chóras ar líne an PIP **sula gcuirtear tús leis an SCLN**. Ní bheidh clárúcháin indéanta i ndiaidh an dáta sin. Féach an Treoir ar an PIP, le do thoil, trí Leathanach Baile an PIP. Ní íofar an fóirdheontas ach amháin i dtaca le leanaí incháilithe le héifeacht ó dháta tosaithe an linbh.

5.2.4 Saghsanna Áiteanna faoin gClár CLOF

- Áiteanna cúram lae iomláin (níos mó than 5 huairé an chloig sa lá, an TCLOO amháin)
- Áiteanna páirtaimseartha (idir 3 huairé an chloig agus 31 nóiméad agus 5 huairé an chloig, TCLOO, CLFP, (CLFP IS faoi shocruithe breisithe)
- Iarscoile (a mhéid le 3 huairé agus 30 nóiméad, TCLOO, CFLP IS agus CLIS)
- Iarscoile + Iompar (TCLOO agus CLIS)

5.2.5 Éarlaisí áirithinte

Féadfaidh soláthraí cúram leanaí éarlais áirithinte in-aisíochta a ghearradh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí nua chun áit a choimeád do leanbh. Is ionann an éarlais uasta is féidir le soláthraí a ghearradh agus íocaíocht iomlán dhá sheachtain. Caithfear gach éarlais a aisíoc leis an thuismitheoir/chaomhnóir laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh gur faomhadh clárú an linbh.

5.2.6 Clárú Tusla

Caithfidh soláthraithe CLOF a bheith cláraithe le Tusla do na háiteanna atá á soláthar, e.g. ní féidir seirbhísí a chistiú d'áiteanna páirtaimseartha nuair a bhíonn siad cláraithe le Tusla mar sheirbhís sheisiúnach.

Caithfidh feighlithe leanaí ar mian leo conradh a iontráil le haghaidh CLOF (a fhad le tosú an SCLN) a bheith cláraithe le Tusla.

I ndiaidh gur thug an tAire Rialacháin isteach maidir le Seirbhísí ar Aois Scoile i bhFeabhra 2019, tá sé éigeantach anois go gcláraíonn seirbhísí a chuireann cúram leanaí ar fáil do leanaí ar aois scoile le Tusla. Is féidir teacht ar shonraí iomlána faoi na rialacháin seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.dcy.gov.ie agus ar láithreán gréasáin Tusla ag www.tusla.ie nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le do CCLC áitiúil ag myccc.ie.

5.2.7 Seirbhís iompair

- i. Ciallaíonn “le hiompar” go n-íompróidh an tseirbhís an leanbh chuig an scoil (fágáil) agus ón scoil (bailiú).
- ii. Níl iompar san áireamh le cúram leanaí páirtaimseartha TCLOO. Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí rogha a dhéanamh idir na huaireanta breise cúram leanaí a bheith acu trí áit pháirtaimseartha, i.e., os cionn 3.5 uair an chloig, agus íoc as iompar mar rogha bhreise nó an seisiún iarscoile le hiompar a roghnú agus íoc as an gcúram breise (am) a theastaíonn os cionn 3.5 uair an chloig.

5.2.8 Síniú isteach

- i. Caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir CLOF síniú isteach ar bhonn seachtainiúil leis an soláthraí cúram leanaí lena dhearbhú don tseirbhís go bhfuil siad ag freastal go fóill ar a socrúchán ábhartha cúrsa/oibre; ní féidir bileoga sínithe isteach a réamhshíniú. Má theipeann orthu síniú isteach, seolfaidh an tseirbhís foirm fágóra don leanbh sin
- ii. Caithfidh an soláthraí cúram leanaí teagmháil a dhéanamh lena CCLC áitiúil, áit nár shínigh tuismitheoir/caomhnóir isteach, más ann do chúinsí eisceachtúla, chun údarú a fháil chun an áit CLOF a choimeád oscailte. (Féach, le do thoil, an riail maidir le “neamhfheastal” thíos).
- iii. Féadfaidh duine fásta breise síniú isteach thar ceann tuismitheora/caomhnóra nach bhfuil in ann a leanbh a fhágáil/a bhailiú. Caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir litir shínithe cheada a sholáthar don soláthraí cúram leanaí chun na críche seo.

5.2.9 Tréimhsí meántearma/samhraidh

Féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir cúram leanaí a lorg chun a gcúram leanaí a shíneadh chun tréimhsí meántearma agus samhraidh a chumhdach faoi TCLOO, CLFP agus CLIS. Tugtar ‘breisiú’ ar an am saoire seo agus bíonn sé a fhaide le 14 seachtaine i gcás TCLOO agus CLIS. Níl aon athruithe ag teastáil le haghaidh breisiú mar gheall go mbíonn siad cláreagraithe roimh ré ag an gclárú tosaigh (roimh an SCLN).

5.2.10 Athrú ar Chúinsí

- v. I gcás aistriú úinéireachta ar sheirbhís (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun uimhir thagartha nua an RLGÓ a iarraidh.
- vi. I gcás athrú ar stádas dlíthiúil seirbhíse (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun uimhir thagartha nua an RLGÓ a iarraidh.
- vii. I gcás athrú ar sheoladh seirbhíse (soláthraí cúram leanaí), caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun uimhir thagartha nua an RLGÓ a iarraidh.
- viii. I gcás go dtagann fairsingiú ar sheirbhís chúram leanaí chuig áitreabh breise, caithfidh an tseirbhís teagmháil a dhéanamh leis an RLGÓ (tríd an gCoiste Cúram Leanaí Contae) leis na sonraí ábhartha go léir chun tagairt nua an RLGÓ a iarraidh. Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfidh na leanaí atá ag freastal ar an áitreabh nua/breise a bheith cláraithe faoi uimhir thagartha nua an RLGÓ.

5.2.11 Dúnadh seirbhíse

Má dhúnann soláthraí cúram leanaí a s(h)eirbhís, caithfear fógra a sheoladh ar aghaidh chuig a gCoiste Cúram Leanaí Contae i scríbhinn agus chuig pipdocuments@pobal.ie. Má dhúntar seirbhís agus má thagann athrú ar chúinsí, tá ar an tseirbhís deireadh a chur le clárú dáta do gach clárú reatha ag dáta an dúnta.

5.3 Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse

5.3.1 Riachtanas Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse

Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse a chomhlánú ag tús gach bliain chláir. Caithfidh seo sonraí a thaispeáint de na táillí go léir a gearradh ar thuismitheoirí, anuas ar shonraí faoi aon mhuirir, lascaíní nó tabhartais bhreise a chuir an tseirbhís i bhfeidhm.

5.3.2 Riachtanas taispeána cáipéisí

Caithfidh cóip den Liosta Táillí, anuas ar chóipeanna d'aon litreacha caighdeánacha a eisíodh do thuismitheoirí, a bheith ar taispeáint go feiceálach i limistéar atá inrochtana do thuismitheoirí.

5.3.3 Riachtanas comhdaithe cáipéisí

Caithfidh Soláthraithe Seirbhíse litir shínithe a bheith i gcomhad acu i dtaca le gach tuismitheoir/caomhnóir linbh ar chlár CLOF, ina léirítear na táillí a faomhadh. Caithfidh gurb ionann na táillí seo agus iad siúd a thaispeántar sa Liosta Táillí.

5.3.4 Féilire Seirbhíse CLOF

Caithfear féilire CLOF a scaipeadh ar gach tuismitheoir/caomhnóir ina léirítear na laethanta atá an tseirbhís ceaptha bheith oscailte faoi bhliain acadúil CLOF. Caithfear an féilire CLOF a bheith foilsithe i limistéar sa tseirbhís atá inrochtana do thuismitheoirí.

5.3.5 Athruithe ar tháillí

Caithfidh an CCLC aon athruithe ar an Liosta Táillí nó Féilire Seirbhíse a fhaomhadh. Caithfear fógra fiche lá oibre a thabhairt do thuismitheoirí ar aon athrú a dhéanfar ar an Liosta Táillí. Sa chás go ndearnadh an Liosta Táillí a leasú, caithfear litreacha maidir leis an Liosta Táillí leasaithe a eisiúint do na tuismitheoirí agus caithfidh na tuismitheoirí/caomhnóirí iad a shíniú do chomhaid na seirbhíse. Caithfear cóipeanna de litreacha a eisíodh agus a síníodh ina dhiaidh sin a choimeád i gcomhad ar an áitreabh. Caithfear cóip nuashonraithe de Liosta Táillí a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís a bhfuil teacht ag tuismitheoirí air, anuas ar ar aon ardán ar líne a choimeádann an soláthraí ar mhaithe lena seirbhís a fhógairt.

5.3.6 Roghanna Breise

Féadfaidh soláthraithe cúram leanaí muirear a ghearradh ar roghanna breise, ach féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir a roghnú nach gcuirfear aon chinn de na roghanna breise ar fáil dóibh. Caithfear roghanna breise a shainaitheint ar an liosta táillí ag tús bhliain an chláir. Caithfear gach rogha a shainaitheint ar bhonn aonair. Ní féidir le seirbhísí tús áite a thabhairt ar bhonn na roghanna breise lena nglactar.

5.4 Leanbh a Chlárú

5.4.1 Leanbh a iontráil ar an gClár CLOF

Caithfidh an Bainisteoir Seirbhíse a dheimhniú agus a chomhaontú le tuismitheoirí/caomhnóirí an líon laethanta agus an patrún freastail a bhfuil an leanbh á rollú dóibh sula gcláraítear an leanbh d'áit CLOF ar an PIP. Caithfidh an soláthraí cúram leanaí taifead den chomhaontú seo a choimeád.

Caithfear a léiriú i gclárú gach linbh ar an PIP patrún freastail féin an linbh. Sa chás gurb ann do neamhréiteach idir freastal agus clárú, caithfidh an soláthraí cúram leanaí an clárú a leasú ar an PIP. Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, beidh ró-éileamh dlite don Roinn. Aisíocfar ró-éilimh i gcomhréir le comhaontú cistithe CLOF. (Tá treoracha maidir le Leanbh a Chlárú ar fáil ar leathanach baile an PIP).

N.B. I ndiaidh gur cuireadh tús leis an SCLN, ní féidir leasuithe a dhéanamh ar chlárúcháin reatha ach trí theagmháil a dhéanamh leis na CCLCanna agus le Pobal go díreach. (Ní bhaineann 'an Fhuinneoga Bhainistíochta Coigilteora' le CLOF mar gheall go ndéanann é a riaradh go héagsúil do spriocscéimeanna eile).

5.5 2.5 Freastal

5.5.1 Asláithreacht

Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir/caomhnóir lena dheimhniú an chúis a bhí le hasláithreacht an linbh laistigh den chéad seachtain inar cuireadh tús leis an asláithreacht.

5.5.2 Laghdú ar fhreastal/an PIP a nuashonrú

Sa chás go gcuirtear seirbhís ar an eolas go bhfuil a leibhéal freastail á laghdú ag leanbh atá cláraithe ar CLOF, e.g. anuas ó cheithre lá sa tseachtain go dtí dhá lá sa tseachtain nó ó lánaimseartha go páirtaimseartha, caithfear é seo a nuashonrú ar an PIP díreach sula gcuirtear tús leis an SCLN. Socróidh an Soláthraí Seirbhíse dáta fágála sa chlárú reatha agus athchláróidh sé an leanbh le leibhéal nua freastail.

I ndiaidh go gcuirtear tús leis an SCLN, beidh an soláthraí seirbhíse fós in ann clárúchán a chealú, dáta fágála a shocrú ar chlárúchán agus fágóir a sheoladh ar aghaidh. Caithfear aon athruithe eile ar an gclárúchán a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh lena CCLC agus Pobal go díreach, áfach.

Nuair nach ionann freastal agus clárú go comhsheasmhach i gcaitheamh tréimhse ceithre seachtaine, caithfear clárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú. Caithfidh nuashonrú ar an PIP titim amach laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh gur cuireadh tús leis an bpatrún freastail laghdaithe.

Má theiptear ar chlárú a nuashonrú chun an patrún iarbhír freastail a léiriú, beidh ró-éileamh dlite don Roinn. Aisíocfar ró-éilimh i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe cistithe CLOF.

Beidh tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil a leanaí cláraithe ar CLOF sular tosaíodh an SCLN a bheith in ann a leibhéal seirbhíse a athrú/a laethanta agus/nó saghsanna seisiúin a choigeartú, ní féidir na hathruithe seo a dhéanamh, áfach, ach leis an soláthraí a chláraigh i dtosach iad. Ní bheidh tuismitheoir/caomhnóir in ann soláthraí a athrú agus leanúint de bheith rannpháirteach sna cláir

leagáide. Ní bheidh an teidlíocht ag tuismitheoir/caomhnóir go ndéanfar athmheasúnú orthu faoi na cláir leagáide i ndiaidh gur tosaíodh an SCLN.

5.5.3 Imeacht ón tseirbhís:

Má fhágann leanbh an tseirbhís nó murar fhreastail sé/sí ar feadh ceithre seachtaine i ndiaidh a chéile, caithfidh an tseirbhís foirm Fágóra a chruthú trí Thairseach Pobal ina luaitear an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís. I ndiaidh gur thosaigh an SCLN, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh le Pobal a dhéanfaidh córas an PIP a nuashonrú chun an t-imeacht a thabhairt le fios. Má tharlaíonn nach bhfreastalaíonn leanbh i rith Fuinneog Bhainistíochta Coigilteora, déanann an Soláthraí Seirbhíse an PIP a nuashonrú leis an imeacht a thabhairt le fios.

Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí fógra ceithre seachtaine a thabhairt do sholáthraithe go mbeidh leanbh ag imeacht ó sheirbhís. Cuirfidh seo ar chumas soláthraithe an PIP a nuashonrú agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht ar dháta féin an imeachta. I gcásanna nach dtugtar fógra i leith imeachta don soláthraí, is féidir leis an soláthraí fóirdheontas ceithre seachtaine a éileamh in ionad fógra.

Cé gur faoin tuismitheoir/caomhnóir a bhíonn sé a leanbh a bhaint ó sheirbhís ag aon pointe, ní cheadófar dóibh cistiú breise cúram leanaí a fháil fad a thiomnaítear an cistiú faofa do sheirbhís chúram leanaí i rith na tréimhse fógra ceithre seachtaine seo.

Is tábhachtach, chomh maith, a thabhairt faoi deara nach mbeidh ar an tuismitheoir clárú faoin SCLN chun teacht ar chistiú cúram leanaí nuair a aistríonn leanbh seirbhís i ndiaidh gur cuireadh tús leis an SCLN. Tá breis faisnéise ar an bpróiseas seo ar fáil i dtreoirínte beartais an SCLN, atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

5.5.4 Neamhfheastal

Nuair nár fhreastail leanbh ar an tseirbhís ar feadh ceithre seachtaine i ndiaidh a chéile, caithfidh an tseirbhís foirm Fágóra a chruthú trí Thairseach Pobal ina luaitear an dáta deireanach a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís. Murar fhreastail an leanbh ar an tseirbhís le ceithre seachtaine anuas i ndiaidh a chéile i ndiaidh gur cuireadh tús leis an SCLN, tá ar an Soláthraí Seirbhíse an clárú a chealú ar an PIP.

Is féidir le seirbhís iarratas a dhéanamh ar an CCLC áitiúil, áfach, faoi chúinsí eisceachtúla chun síneadh a chur leis an gclárúchán ó cheithre seachtaine go dtí sé seachtaine/dhá sheachtain déag. (Féach, le do thoil, Treoirínte Beartais an SCLN chun teacht ar shonraí faoi chúinsí eisceachtúla www.ncs.gov.ie)

Is féidir leis an CCLC ábhartha cruthúnas tacaíochta a lorg i leith cúinsí eisceachtúla. Féadtar a áireamh le cruthúnas inghlactha litir nó deimhniú leighis ar féidir leis an soláthraí é a uaslódáil ar an PIP. (Faoi mar a sholáthraíonn an tuismitheoir agus le comhaontú an tuismitheora).

Nuair a sheoltar litir ar aghaidh agus nuair a dhéanann an CCLC ábhartha an cinneadh nach bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist, caithfidh an soláthraí dáta deiridh a lua leis an gclárúchán agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin (nach féidir leis a bheith níos déanaí ná deireadh na hasláithreachta leanúnaí ceithre seachtaine). I ndiaidh gur thosaigh an SCLN, má thagann an cás seo aníos, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh le Pobal a dhéanfaidh córas an PIP a nuashonrú chun an t-imeacht a thabhairt le fios. Má tharlaíonn nach

bhfreastalaíonn leanbh i rith Fuinneog Bhainistíochta Coigilteora, déanann an Soláthraí Seirbhíse an PIP a nuashonrú leis an imeacht a thabhairt le fios.

Nuair nach seoltar litir ar bith ar aghaidh agus i ndiaidh asláithreachta leanúnach sé seachtaine agus nuair nár fhill an leanbh ar an tseirbhís laistigh den am sin, caithfidh an soláthraí dáta deiridh a lua leis an gclárúchán agus cuirfear deireadh leis an íocaíocht le héifeacht ón dáta deiridh sin (i.e. ó dheireadh na hasláithreachta leanúnaí ceithre seachtaine). I ndiaidh gur thosaigh an SCLN, má thagann an cás seo aníos, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teagmháil a dhéanamh le Pobal a dhéanfaidh córas an PIP a nuashonrú chun an t-imeacht a thabhairt le fios. Má tharlaíonn nach bhfreastalaíonn leanbh i rith Fuinneog Bhainistíochta Coigilteora, déanann an Soláthraí Seirbhíse an PIP a nuashonrú leis an imeacht a thabhairt le fios.

Nuair a sheoltar litir ar aghaidh tráth nach déanaí ná sé seachtaine ón asláithreacht tosaigh ach níos déanaí ná ceithre seachtaine (agus luadh dáta deiridh leis an gclárúchán dá bharr), is féidir an clárúchán a athbhunú trí dháta deiridh a lua leis an gclárúchán. **I ndiaidh gur thosaigh an SCLN, má thagann an cás seo aníos, caithfidh an Soláthraí Seirbhíse Pobal agus a CCLC áitiúil a chur ar an eolas.**

Is féidir le soláthraithe fógra a thabhairt don CCLC roimh asláithreacht leanúnach a bheidh ag teacht aníos nuair a chreideann siad go mbeidh cúinsí eisceachtúla i gceist.

5.6 Taifid a Choimeád

5.6.1 Taifid freastail

Caithfidh soláthraithe cúram leanaí taifid laethúla freastail a choimeád do gach leanbh a fhreastalaíonn agus caithfear a áireamh leis na taifid ainm iomlán an linbh, dáta an fhreastail agus am teachta agus am imeachta an linbh. Caithfidh an Soláthraí Seirbhíse teacht agus imeacht gach linbh a chur i dtaifead i bhfíor-am. Caithfear taifid freastail a choimeád ar an mbealach cuí sin ar dóthanach é lena dheimhniú fad iarbhrí freastail gach linbh a ainmnítear i dtaobh uaireanta. Caithfear ainm an linbh a chur i dtaifead ar bhealach comhsheasmhach le patrúin freastail a shainnithint (i.e. más bileoga seachtainiúla atá i gceist leis na taifid freastail, ba cheart go mbeadh ainm an linbh san áit chéanna gach seachtain).

Tabharfar tús áite d'athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid freastail i rith cuairteanna comhlíonta. Féach na riachtanais íosta, le do thoil, faoi mar atá siad leagtha amach sa treoir maidir le 'deachleachtas maidir le taifid freastail', (Aguisín 2).

5.6.2 Teip ar thaifid chúí freastail a choimeád

Má theiptear ar thaifid freastail chúí a choimeád (de réir 5.6.1), b'fhéidir go measfar gur freastalaíodh náid uaireanta. Féadfaidh an Roinn íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó a iarraidh go n-aisíoctar aon ró-éileamh a rinneadh ar airgead a íocadh cheana féin don tréimhse atá i gceist.

Má theiptear ar thaifid freastail dhóthanacha a choimeád (e.g. nuair a choimeádtar taifid freastail, ach i bhformáid nach gcuireann ar chumas oifigigh a thugann cuairt chomhlíonta na huaireanta a dheimhniú a d'fhreastail leanbh, ar nós trí "ticeanna" a úsáid), b'fhéidir go measfar gur freastalaíodh an líon íosta uaireanta (i.e. seirbhís sheisiúnach). Féadfaidh an Roinn íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó a iarraidh go n-aisíoctar aon ró-éileamh a rinneadh ar airgead a íocadh cheana féin don tréimhse atá i gceist.

5.6.3 Cuairteanna Comhlíonta

- ix. Caithfidh seirbhísí cuairteanna comhlíonta a éascú a thabharfar gan fhógra, rochtain ar an áitreabh, an pearsanra agus na taifid ábhartha ina measc.
- x. Caithfidh an cháipéisíocht go léir a bhaineann le gnóthaí airgeadais na seirbhíse, cuntais, taifid táillí, cáilíochtaí foirne, PIP, liostaí táillí, cláir agus taifid freastail ina measc a bheith ar an láthair ag gach tráth. Caithfear na taifid seo a choimeád do thréimhse íosta seacht mbliana ó dháta éagtha an chonartha.
- xi. Is féidir le hoifigigh cuairte comhlíonta aon leabhair, taifid nó cáipéisí eile (leabhair, taifid nó cáipéisí ina measc a stóráiltear i bhfoirm neamh-inléite) a iniúchadh nó cóipeanna nó sleachta a ghlacadh díobh, a dtagann sé/sí orthu i gcaitheamh a c(h)igireacht a dhéanamh.

5.6.4 Nósanna Imeachta Tarraingthe Siar agus Aisghabhála

B'fhéidir go ndéanfar soláthraithe seirbhíse a ró-íoc, ag amanna, i gcaitheamh na bliana ar roinnt cúiseanna mar gheall ar aistrithe, dúnadh, etc. Má ró-íocadh seirbhís (nó má dúnadh seirbhís) ag deireadh na bliana, nó ar a dúnadh, eiseofar fógra leasaithe leithdháilte CLOF agus caithfear aon chistiú barrachais CLOF a íoc ar ais le Pobal.

Tá an ceart ar cosaint ag an RLGÓ agus/nó Pobal, (thar ceann an RLGÓ), chun ró-íocaíochtaí a fhorchúiteamh a rinne clár cistithe cúram leanaí amháin ó airgead atá le híoc le ceann eile. Déanfaidh Pobal idirchaidreamh le seirbhísí a n-imríonn aistarraingt/athbhunú tionchar orthu chun comhaontú a dhéanamh ar phlean cuí aisíocaíochta.

5.7 Riachtanais Airgeadais

5.7.1 Taifid freastail

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse faisnéis chothrom le dáta faoi leanaí a chlárú ar an PIP

Coimeádfaidh an Soláthraí Cláraithe taifid chúil lena chur ar chumas na Roinne nó gníomhairí a ghníomhaíonn thar a ceann (Pobal ina measc) a fhíorú go gcomhlíontar téarmaí ginearálta Chomhaontú Cistithe an COLÓ.

Ach go háirithe, **áireofar clár freastail** leis na taifid siúd ina léirítear go soiléir **dátaí, amanna agus faid an fhreastail do gach leanbh a shainnítear ar bhonn aonair gach lá a fhreastalaíonn an leanbh.**

Má theipeann ar an Soláthraí Seirbhíse taifid chruinne freastail agus/nó na sonraí faoi chlárúchán an linbh a nuashonrú go cruinn, cuirfear cistiú CLOF ar fionraí láithreach agus/nó b'fhéidir go mbeidh gá le hairgead a ró-éilíodh a íocadh cheana féin a aisíoc.

Coimeádfaidh an Soláthraí Seirbhíse cuntais bhliantúla chúil ar gach bliain airgeadais agus soláthróidh sé/sí cóipeanna de na cuntais siúd laistigh de cheithre (4) mhí i ndiaidh go nglactar leo do Pobal, mar

ghníomhairí de chuid na Roinne agus, ar iarraidh sin, don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC agus C);

Léireoidh an soláthraí faofa meas ar agus comhlíonfaidh sé/sí an ról reachtúil agus freagrachtaí rialála agus cuntasachta poiblí na Roinne, a gníomhairí agus comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus ag gach tráth, comhoibreoidh sé/sí go hiomlán leis an Roinn, a gníomhairí agus gach comhlacht reachtúil eile ina leith seo.

5.8 Ceisteanna Coitianta faoin gClár CLOF

Cathain a éagann litir cháilitheachta CLIS?

Caithfidh litreacha cáilitheachta CLIS a bheith cláraithe an chéad uair le haghaidh faofa laistigh de sheachtain amháin i ndiaidh dháta na litreach ar feadh 52 seachtain, nach mór dóibh bheith i ndiaidh a chéile.

An féidir le leanbh freastal ar an tseirbhís go fóill mura bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir ag freastal ar shocrúchán cúrsa/oibre mar gheall ar bhreiteacht?

Déanfar breithniú air seo ar bhonn cás ar chás agus caithfidh soláthraí cúram leanaí teagmháil a dhéanamh lena CCLC áitiúil chun údarú a fháil chun an áit chúram leanaí a choimeád oscailte. Caithfear fianaise cháipéisíochta ina leith seo a choimeád ar chuspóirí comhlíonta

An féidir socruithe athraitheacha cúraim a bheith ann (patrún seasta ar bith)?

Tá seo faoi réir chomhaontú an tsoláthraí cúram leanaí. B'fhéidir go mbeidh ar an tuismitheoir/caomhnóir soláthraí cúram leanaí eile a lorg mura féidir lena soláthraí freastal ar shocruithe athraitheacha.

An féidir cúram leanaí a shocrú gach dara seachtain?

Is féidir. Is féidir teacht ar threoracha don soláthraí faoi conas é seo a dhéanamh sa Treoir.

Mura bhfreastalaíonn leanbh TCLOO ar chúram leanaí ar feadh seachtain amháin, an gá don tuismitheoir/caomhnóir ranníocaíocht an tuismitheora a íoc?

Mar chuid den chlárú do TCLOO, caithfidh an soláthraí seirbhíse féilire cúrsa an tuismitheora a lorg chun na seachtainí a bhreacadh síos nach mbeidh tuismitheoir/caomhnóir ar an gcúrsa. Níl ar an tuismitheoir/caomhnóir ranníocaíocht an tuismitheora/chaomhnóra a íoc do na seachtainí nach mbíonn an cúrsa á reáchtáil.

Cad ba cheart do sholáthraí cúram leanaí a dhéanamh má fhreastalaíonn leanbh dhá lá in aon seachtain amháin agus trí lá an chéad seachtain eile mar phatrún leanúnach?

Ba cheart do sholáthraí cúram leanaí clárú a sheoladh ar aghaidh ar an PIP don dá lá sa tseachtain agus iarraidh ar thacaíocht an PIP chun lá breise a leithdháileadh gach dara seachtain.

Aguisín 1

Rialacha maidir le freastal ar bhreis agus clár amháin

Clár	COLÓ	An FCP Plus	FCPA(I)	CLOF
COLÓ	Níl [^]	Níl	Níl	Tá*
An FCP Plus	Ní hea	Tá**	Níl	Níl
FCPA(I)	Níl	Níl	Níl	Níl
CLOF	Tá*	Níl	Níl	Níl

[^]Féadtar áit COLÓ a dheighilt idir dhá sheirbhís faoi chúinsí eisceachtúla, 1) idirscaradh tuismitheora agus socrú comhchaomhnóireachta a dhéanann dodhéanta i dtaobh cúrsaí tíreolaíochta de ar leanbh chun freastal ar an tseirbhís chéanna gach lá, 2) leanbh atá faoi mhíchumas freastal ar réamhscoil speisialta agus réamhscoil phríomhshrutha ar mholadh foireann luath-idirghabhála nó 3) teastaíonn socrúchán deighilte mar gheall ar shocruithe/chúinsí oibre an tuismitheora/na dtuismitheoirí (Féach 1.2.28)

*Ceadaithe má bhíonn cáilitheacht CLOF lasmuigh d'uaireanta COLÓ, e.g. bíonn an cúrsa ar siúl um thráthnóna agus bíonn COLÓ ar siúl ar maidin.

** Is féidir áiteanna an FCP Plus a dheighilt idir seirbhísí sa chás nach sáraíonn an t-iomlán CLA, i.e. cúig lá

Aguisín 2 Treoir Dhea-Chleachtais - Taifid Freastail

Riachtanas atá i dtaifid mhaithe freastail a choimeád ar mhaithe le [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\), 2016](#) agus [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\), 2016](#) a chomhlíonadh. Is féidir taifid freastail a choimeád i bhformáidí éagsúla e.g. leabhair rolla, formáidí seachtainiúla bileoige nó formáidí leictreonacha. Ní ordaíonn Pobal/an RLGÓ aon fhormaid ar leith a úsáid, ach ó pheirspictíocht dea-chleachtais, áfach, tá roinnt leideanna curtha le chéile againn faoi conas is féidir freastail a thaifeadadh go comhsheasmhach chun riachtanais Chláir Chisithe an RLGÓ a shásamh. Chun teacht ar thacaíocht bhreise, déan teagmháil, le do thoil, le do Choiste Cúram Leanaí Contae/Cathrach áitiúil.

Ón Tús

- Cinntigh go bhfuil taifid freastail /leabhair rolla ann do gach seisiún/seomra, clubanna bricfeasta san áireamh.
- Luaigh ainm iomlán an Linbh (de réir thaifid an PIP) - Ná húsáid leasainmneacha.
- Coimeád ainmneacha leanaí de réir sraith chomhsheasmhach ar fud an chórais (éascaíonn seo freastail a rianú). Má thosaíonn leanbh nua leis an tseirbhís, cuir a n-ainm le bun an liosta.
- Úsáid peann gránbhiorach, ná húsáid peann luaidhe.
- Cinntigh go bhfuil fáil ar thaifid freastail/ leabhair rolla ó thús an chórais (nuair a d'éag tréimhse chlárith linbh ina measc).
- Cinntigh go gcomhlánaíonn comhalta foirne a oibríonn sa seomra taifid freastail/ leabhair rolla.
- Coimeád Leabhar Sínithe Isteach agus Amach an Tuismitheora glan amach ó na Taifid Freastail /leabhair rolla (más gá).
- Ná húsáid bileoga/dialanna aonair laethúla.
- Dátaigh seachtain an fhreastail.

Gach Lá

- Iontráil am teachta agus imeachta do gach leanbh laistigh den tseirbhís, clubanna Iarscoile ina measc. (Nuair a bhailíonn seirbhís leanaí ó scoil chun iad a thabhairt chuig seirbhís Iarscoile, cuir freastail i gcuntas, le do thoil, ón am a bhíonn na leanaí faoi fhreagracht na seirbhísí.) Ná húsáid ticeanna.
- Cinntigh go gcuirtear freastail Foirne i gcuntas gach lá ar gach taifead freastail/leabhair rolla gach seomra/seisiún.

Asláithreacht/ Fágóirí/ Daoine atá ag Bogadh

- Bí comhsheasmhach nuair a bhíonn neamhfheastail á dhoiciméadú e.g. úsáid X i gcónaí nuair a bhíonn duine as láthair.
- Má fhágann leanbh an tseirbhís, fág an t-ainm ar an leabhar rolla agus cuir líne trí na laethanta eile de chóras an chláir lena thaispeáint gur fágóir atá sa leanbh.
- Má bhogann leanbh seisiún/seomra laistigh den tseirbhís i rith an chórais – iontráil nóta leis seo a thabhairt le fios ar thaifid freastail/ leabhair rolla.
- Má roinneann leanbh a lá/seachtain ar bhonn leanúnach idir seisiúin/seomraí éagsúla – iontráil nóta leis seo a thabhairt le fios ar thaifid freastail/ leabhair rolla.
- Ba cheart leanbh a chur i dtaifead i dtaifead freastail do gach seomra ar a bhfreastalaíonn siad má bhogann siad seomraí i rith lae/seachtaine.
- Ná húsáid Tippex ar an mbileog freastail/leabhair rolla - coimeád an fhaisnéis infheicthe má d'fhág leanbh.

Bileoga

- Má tá bileoga seachtainiúla á n-úsáid, coimeád in ord dáta iad agus coimeád go slán sábháilte iad i bhfillteán.

Taifid Leictreonacha

- Cinntigh go bhfuil siad comhsheasmhach agus taispeáin freastail linbh do chóras iomlán.
- Nuair a choimeádtar taifid leictreonacha, **caithfidh** an tseirbhís a bheith in ann tuairiscí seachtainiúla/míosúla a sholáthar do leanaí aonair ina dtaispeántar a leibhéal freastail don chóras go dtí seo. Moltar go gcuirtear na tuairiscí seo i dtoll a chéile go rialta agus go gcuirtear ar fáil iad ar mhaithe le cuspóirí comhlíonta.
- Cinntigh go bhfuil an pasfhocal ar láimh agus go dtuigeann comhalta foirne conas an fhaisnéis a fháil ón gcóras.

Cartlann

- Caithfear taifid freastail/ leabhair rolla a choimeád do na tréimhsí ama a dtugtar cuntas orthu i ngach Comhaontú Deontais e.g. 2018/2019 luaitear i riachtanas COLÓ 2018/2019 gur gá iad a choimeád ar feadh 7 mbliana i ndiaidh go gcríochnaíonn an córas.

Treoir Dhea-Chleachtais - Taifid Freastail

Seomra:		TAIFEAD FREASTAIL SAMPLACH LINBH								
An tSeacht ain dar Críoch: / /	Dé Luain		Dé Máirt		Dé Céadaoin		Déardaoin		Dé hAoine	
Ainm an Linbh	Am Teachta	Am Imeachta	Am Teachta	Am Imeachta	Am Teachta	Am Imeachta	Am Teachta	Am Imeachta	Am Teachta	Am Imeachta

Treoir Dhea-Chleachtais - Taifid Freastail

Seomra:		TAIFEAD FREASTAIL SAMPLACH FOIRNE								
An tSeachtain dar Críoch: / /	Dé Luain		Dé Máirt		Dé Céadaoin		Déardaoin		Dé hAoine	
Ainm an Chomhalta Foirne:	Am Tosaigh:	Críoch: Am:	Am Tosaigh:	Críoch: Am:	Am Tosaigh:	Am Críochnaithe:	Am Tosaigh:	Am Críochnaithe:	Tús: Am:	Am Críochnaithe: